

**An Bhruiséil, 6 Nollaig 2024
(OR. en)**

16326/24

**VISA 176
COEST 687
COLAC 184
COWEB 194
MIGR 440
FRONT 321
ASIM 89
COMIX 491**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	6 Nollaig 2024
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2024) 571 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE AN SEACHTÚ TUARASCÁIL FAOIN SÁSRA FIONRAÍOCHTA VÍOSAÍ

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 571 final.

Faoi iamh: COM(2024) 571 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.12.2024
COM(2024) 571 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

AN SEACHTÚ TUARASCÁIL FAOIN SÁSRA FIONRAÍOCHTA VÍOSAÍ

Clár Ábhar

RÉAMHRÁ	2
I. COMHARSANACHT AN AONTAIS EORPAIGH	6
1. GAN VÍOSA AR FEADH NÍOS LÚ NÁ 7 MBLIANA	6
AN tSEOIRSIA	6
AN ÚCRÁIN	13
AN CHOSAIV*	20
2. SAOR Ó VÍOSA AR FEADH NÍOS MÓ NÁ 7 MBLIANA.....	26
AN ALBÁIN.....	26
AN BHOISNIA AGUS AN HEIRSEAGAIVÉIN.....	30
POBLACHT NA MOLDÓIVE.....	34
MONTAINÉAGRÓ.....	38
AN MHACADÓIN THUaidH.....	42
AN tSEIRBIA.....	45
II. MUIR CHAIRIB THOIR.....	48
III. MEIRICEÁ LAIDINEACH.....	51
CONCLÚID	56

* Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

RÉAMHRÁ

Cuid thábhachtach de bhosca uirlisí an Aontais don chomhar le tríú tíortha maidir leis an imirce, an tslándáil agus an ceartas is ea léirscaoileadh víosaí. Leis sin éascaítear soghluaisteacht agus teagmhálacha idirphearsanta. Is féidir leis borradh a chur faoin earnáil taistil agus turasóireachta agus cuireann sé malartuithe cultúrtha agus acadúla chun cinn. Is féidir leis freisin caidreamh taidhleoireachta agus comhar idirnáisiúnta a chothú, as a dtiocfadh, go hidéalach, méadú ar idirghníomhaíochtaí polaitiúla i réimsí éagsúla, idir comhar trádála agus comhar eacnamaíoch, slándáil, an nuálaíocht agus an teicneolaíocht.

An tráth céanna, léirigh an faireachán a rinne an Coimisiún ar chórais taistil gan víosa an Aontais **go bhféadfadh córas taistil gan víosa dúshláin mhóra imirce agus slándála a chruthú, dúshláin nach mór aghaidh a thabhairt orthu**. Leanann an tuarascáil seo d'aird ar leith a thabhairt ar ailíniú an bheartais víosaí, ar scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí, ar chomhar um athligéan isteach, agus ar iarratais gan bhunús ar thearmann. Is é is príomhchuspóir don díolúine víosa a dheonaigh an tAontas do thríú tíortha taisteal a éascú trí iontráil saor ó víosa agus gearrfhanachtaí i limistéar Schengen a áirithiú ar feadh uastréimhse 90 lá in aon tréimhse 180 lá. Daoine a bhfuil riosca slándála ag baint leo don Aontas agus dá Bhallstáit, níor cheart cead a bheith acu taisteal gan víosa chuig limistéar Schengen, agus ba cheart do dhaoine atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta nó atá ag socrú ar feadh tréimhse níos faide san Aontas úsáid a bhaint as na scéimeanna agus na conairí dlíthiúla is infheidhme.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, mhol an Coimisiún **athbhreithniú ar an sásra fionraíochta víosaí**[†] chun aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar dhúshláin a bhaineann le scéimeanna gan víosa agus aon mhí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as taisteal gan víosa trína dhéanamh níos éasca an sásra a spreagadh agus a éifeacht dhíspreagthach a mhéadú. Molann an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an chaibidlíocht maidir leis an togra a thabhairt i gcrích go pras agus a áirithiú go nglacfar é.

Raon feidhme na Tuarascála – cur chuige straitéiseach domhanda nua

Is príomhchúram é an faireachán leanúnach a dhéanann an Coimisiún ar chórais taistil gan víosa an Aontais ar mhaithe le dea-fheidhmiú bheartas víosaí an Aontais agus ar mhaithe le slándáil fhoriomlán limistéar Schengen. Ceanglaítear le hAirteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2018/1806 (an 'Rialachán Víosaí')[‡] ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar faireachán iomchuí ar chomhlíonadh leanúnach na gceanglas maidir le díolúine víosa ag na tíortha sin a bhfuair a gcuid náisiúnach rochtain gan víosa ar limistéar Schengen tar éis dóibh idirphlé maidir le léirscaoileadh víosaí a chur i gcrích go rathúil, agus tuairisciú go tráthrialta do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Chuige sin, **ó bhí 2017 ann ghlac an Coimisiún sé thuarascáil faoin Sásra lena gcuirtear Tarscaoileadh Víosaí ar Fionraí**[§], lena gcumhdaítear **na comhpháirtithe saor ó víosa sna Balcáin Thiar** (an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Mhacadóin Thuaidh, Montainéagró agus an tSeirbia) **agus i réigiún**

[†] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1806 a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar an sásra fionraíochta, COM/2023/642 final.

[‡] Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin IO L 303, 28.11.2018, lch. 39.

[§] COM(2017) 815 final (an chéad tuarascáil); COM(2018) 856 final (an dara tuarascáil); COM(2020) 325 final (an tríú tuarascáil); COM(2021) 602 final (an ceathrú tuarascáil), COM/2022/715 final/2 (an cúigiú tuarascáil), COM/2023/730 final (an séú tuarascáil).

Chomhpháirtíocht an Oirthir (an tSeoirsia, Poblacht na Moldóive – dá dtagraítear thíos mar ‘an Mholdóiv’ –, agus an Úcráin).

Mar obair leantach ar Theachtaireacht ó mhí na Bealtaine 2023^{**}, glacadh cur chuige níos leithne sa séú tuarascáil, chun a áirithiú go mbeidh **faireachán agus tuairisciú níos cuimsithí agus níos straitéisí, rud a rachadh thar chomharsanacht an Aontais agus a chumhdódh gach tríú tír gan víosa a bhfuil dúshlán shonracha ag baint leo** a bhféadfadh an sásra fionraíochta a bheith mar thoradh orthu, i gcás nach dtabharfaí aghaidh orthu. Dá bhrí sin, leathnaigh an Coimisiún an raon feidhme geografach den chéad uair trí thuairisciú a dhéanamh freisin ar **shé thríú tír gan víosa a oibríonn scéimeanna saoránachta trí infheistíocht**, is iad sin Antigua agus Barbúda, Doiminice, Greanáda, San Críostóir-Nimheas, Saint Lucia, agus Vanuatú^{††}.

Comharsanacht an Aontais Eorpaigh

Leis an seachtú tuarascáil sin, mar a cheanglaítear le hAirteagal 8(4) den Rialachán Víosaí, leantar de mheasúnú iomlán a dhéanamh ar chomhlíonadh leanúnach na gceanglas maidir le léirscaoileadh víosaí don **tSeoirsia** agus don **Úcráin**, ós rud é gur chuir siad a n-idirphlé faoi seach maidir le léirscaoileadh víosaí i gcrích níos lú ná 7 mbliana ó shin. Thairis sin, tar éis an t-idirphlé maidir le léirscaoileadh víosaí idir an tAontas agus an Chosaiv a thabhairt i gcrích go rathúil agus tar éis chur i bhfeidhm an díolúine víosa don Chosaiv ón 1 Eanáir 2024^{‡‡}, áirítear sa tuarascáil seo freisin an chéad anailís ionchasach ar chomhlíonadh leanúnach na gceanglas maidir le léirscaoileadh víosaí ag an **gCosaiv**.

A mhéid a bhaineann leis na tíortha a chuir idirphlé maidir le léirscaoileadh víosaí i gcrích níos mó ná 7 mbliana ó shin^{§§} (**an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Mholdóiv, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh, agus an tSeirbia**), cuirtear in iúl sa tuarascáil i gcónaí dúshlán shonracha a eascraíonn as córas taistil gan víosa agus/nó lena mbaineann rioscaí sonracha imirce neamhrialta nó slándála don Aontas, amhail ailíniú leis an mbeartas víosaí, scéimeanna saoránachta d’infheisteoirí, comhar um athligéan isteach, nó iarratais gan bhunús ar thearmann.

I gcás chomhpháirtithe uile an mhéadaithe, déantar saincheisteanna a bhaineann le tagarmharcanna a dtugtar aghaidh orthu tríd an idirphlé a cuireadh i gcrích maidir le léirscaoileadh víosaí a mheasúnú mar chuid de phróiseas an mhéadaithe, faoi Chaibidil 23, na Breithiúna agus Cearta Bunúsacha, agus faoi Chaibidil 24, Ceartas, Saoirse agus Slándáil, agus tuairiscítear go mion orthu i dtuarascálacha bliantúla an Choimisiúin maidir le méadú. Ó 2024 ar aghaidh, cuireadh ceithre thír is iarrthóirí (an

^{**} Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an bhfaireachán ar chórais saor ó víosa an Aontais, COM/2023/297 final.

^{††} Ní chumhdaítear Vanuatú sa tuarascáil seo, ós rud é gur cuireadh measúnú deiridh an Choimisiúin maidir leis na rioscaí slándála a eascraíonn as scéimeanna saoránachta Vanuatú d’infheisteoirí i láthair an 31 Bealtaine 2024 sa Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an díolúine víosa do náisiúnaigh Vanuatú a chur ar fionraí, COM/2024/366 final.

^{‡‡} Rialachán (AE) 2023/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1806 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (an Chosaiv (Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.)) (IO L 110, 25.4.2023, lgh. 1-4).

^{§§} Ní cheanglaítear le hAirteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2018/1806 ar an gCoimisiún tuairisciú ach amháin ar feadh tréimhse 7 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm léirscaoileadh víosa do na tríú tíortha sin; ina dhiaidh sin, féadfaidh an Coimisiún leanúint de thuairisciú a dhéanamh aon uair a mheasann sé go bhfuil gá leis, nó arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle.

Albáin, Montainéagrá, an Mhacadóin Thuaidh agus an tSeirbia) san áireamh freisin sa Tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta.

Mar chuid dá gClár Oibre don Athchóiriú faoin bPlean Fáis do na Balcáin Thiar, thug comhpháirtithe na mBalcán Thiar gealltanais athchóirithe a dhéanamh ar ‘bhunphrionsabail’ an phróisis aontachais, lena n-áirítear gealltanais phraiticiúla maidir leis an gcomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe, an comhrac in aghaidh an éillithe agus ailíniú an bheartais víosaí.

Maidir leis na **Balcáin Thiar**, leis an tuarascáil tógtar ar chur chun feidhme leanúnach Phlean Gníomhaíochta an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an imirce feadh an bhealaigh a thug an Coimisiún i láthair an 5 Nollaig 2022^{***}. Leis an bPlean Gníomhaíochta freagraíodh, i measc dúshlán eile, do bhorradh na himirce neamhrialta chuig an Aontas trí bhealach na mBalcán Thiar in 2022. Tharla an méadú sin ar thrasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát ón réigiún mar gheall, i bpáirt, ar ghluaiseachtaí tánaisteacha ó náisiúnaigh tríú tír a tháinig isteach sna Balcáin Thiar gan víosa, agus iad ag taisteal ar aghaidh chuig an Aontas. Chuir cur chun feidhme comhpháirteach an Phlean Gníomhaíochta idir an tAontas agus an réigiún leis an laghdú beagnach aon trian ar an mbrú imirce ar bhealach na mBalcán Thiar in 2023 i gcomparáid le 2022 agus le laghdú breise 79 % de réir réamhshonraí sna chéad 9 mí de 2024 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2023. Chuidigh an cur chun feidhme comhpháirteach sin freisin leis an gcomhar idir an tAontas agus comhpháirtithe na mBalcán Thiar maidir le bainistiú imirce a neartú tuilleadh. Leis an bPlean Gníomhaíochta cumhdaítear bainistiú teorainneacha, acmhainní tearmainn agus acmhainneachtaí glactha, smuigleáil imirceach a chomhrac, comhar um athlígian isteach agus filleadh chomh maith le hailíniú an bheartais víosaí.

Ar an iomlán, coinníodh luas maith baint amach ar bun sna réimsí beartais sin uile, a bhuí le rannpháirtíocht agus for- rochtain fheabhsaithe chuig comhpháirtithe uile na mBalcán Thiar ar na leibhéil uile. Mar sin féin, ní mór leanúint den obair. Leanann imirce neamhrialta de bheith ina dhúshlán le haghaidh chomhpháirtithe na mBalcán Thiar. Tugadh ceanglais víosaí isteach arís sa réigiún – go déanach in 2022 agus go luath in 2023 – le haghaidh roinnt príomhnáisiúntachtaí ba chúis leis an méadú ar líon na n-imirceach neamhrialta in 2022. Mar sin féin, tá gá fós le tuilleadh ailínithe leis an mbeartas víosaí a áirithiú agus rialuithe ar theacht isteach gan víosa sa réigiún a threisiú. Is príomhthosaíochtaí i gcónaí iad smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac agus filleadh éifeachtach a áirithiú. Chuir an Coimisiún dlús lena thacaíocht airgeadais agus an cistiú iomlán le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le himirce sa réigiún faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) cothrom le EUR 351,9 milliún (2021- 2024). Áirítear leis sin cláir réigiúnacha ‘Tacaíocht AE chun an Comhrac i gcoinne Smuigleáil Imirceach agus Gáinneáil ar Dhaoine sna Balcáin Thiar a Neartú’ (EUR 36 mhilliún), ‘Tacaíocht Réigiúnach an Aontais do Chórais Bainistíochta Imirce atá Íogair ó thaobh Cosanta de sna Balcáin Thiar – PHASE III’ (EUR 19.2 milliún), agus ‘Tacaíocht Réigiúnach an Aontais don tSlándáil Teorann sna Balcáin Thiar’ (EUR 7 milliún).

Baintear leas sa tuarascáil as rannchuidithe ó na comhpháirtithe a chumhdaítear, ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus ó thoscaireachtaí an Aontais, ó ghníomhaireachtaí ábhartha ceartais

*** https://home-affairs.ec.europa.eu/system/files/2022-12/Western%20Balkans_en.pdf

agus gnóthaí baile an Aontais^{†††} agus ó na Ballstáit^{†††}. Leis na rannchuidithe sin cuireadh bonn eolais faoi na measúnuithe ábhartha atá sa tuarascáil. Leis an seachtú tuarascáil déantar measúnú ar ghníomhaíochtaí a rinne na páirtithe lena mbaineann in 2023, agus nuashonruithe ann le haghaidh 2024, i gcás ina meastar go bhfuil tionchar suntasach orthu ar mholtaí na bliana seo. Tuairiscítear freisin inti ar an gcomhar oibriúcháin leis an Aontas agus leis na Ballstáit^{§§§}, agus áirítear inti forbhreathnú ar threochtaí imirce^{****} lena léirítear sonraí Eurostat le haghaidh bhliain staidrimh 2023, lena n-áirítear athruithe i gcomparáid le 2022.

Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib

Mar a rinneadh sa séú tuarascáil, agus an cur chuige nua a leagtar amach sa togra reachtach maidir leis an athbhreithniú ar an sásra fionraíochta á leanúint cheana féin, cumhdaítear sa tuarascáil seo^{††††} freisin **limistéir gheografacha eile lasmuigh de chomharsanacht an Aontais**, agus díritear inti ar thíortha saor ó víosa inar tháinig saincheisteantha sonracha chun cinn agus ina bhféadfadh gá a bheith le tuilleadh comhair chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shonracha imirce agus/nó slándála ar a bhféadfaí measúnú a dhéanamh faoin sásra lena gcuirtear víosaí ar fionraí. I ndáil leis sin, leanann an tuarascáil seo de mheasúnú a dhéanamh ar na tíortha saor ó víosa a oibríonn scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí in **Oirthear Mhuir Chairib** agus cuirtear i láthair inti measúnú ar na tíortha saor ó víosaí i **Meiriceá Laidineach**.

Mar a luaitear i dTeachtaireacht Chomhpháirteach 2023 maidir le Clár Oibre Nua don Chaidreamh idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib^{††††}, **is comhpháirtithe nádúrtha iad an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib, atá aontaithe le naisc uathúla stairiúla agus chultúrtha, le naisc dhomhain eacnamaíocha agus shóisialta agus le tiomantas comhpháirteach don tsíocháin, don daonlathas, do chearta bunúsacha agus don iltaobhachas**. Tá daoine i gceolár na comhpháirtíochta seo: is príomhghnéithe iad an tsoghluaisteacht agus na teagmhálacha idirphearsanta chun na naisc sin a neartú. An tráth céanna, leis an bhfaireachán a rinne an Coimisiún ar chórais taistil gan víosa an Aontais le comhpháirtithe Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib, léiríodh roinnt **dúshláin shonracha imirce agus slándála**. Eascaíonn na dúshláin sin go háirithe as feidhmiú scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí ag cúig thír in Oirthear Mhuir Chairib, agus as an méadú atá ag teacht ar líon na n-iarratas gan bhunús ar thearmann a chuireann náisiúnaigh ó roinnt tíortha i Meiriceá Laidineach isteach san Aontas. Sa dá roinn dheireanacha den tuarascáil seo, cuirtear i láthair an measúnú a rinne an Coimisiún ar na dúshláin sin agus moltaí maidir le conas aghaidh a thabhairt orthu.

^{†††} Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol).

^{†††} Sholáthair 20 Ballstát rannchuidithe i ndáil le samplaí ábhartha comhair leis na tíortha i gceist, i réimsí na himirce agus na slándála.


^{§§§} Le haghaidh na tuarascála seo, tagraítear leis an téarma 'na Ballstáit' do na Ballstáit a chuireann Rialachán (AE) 2018/1806 ('an Rialachán Viosaí') i bhfeidhm, i.e. Ballstáit uile an Aontais (seachas Éire) agus Tíortha Comhlachaithe Schengen.

^{****} Cé go bhfuil na tagarmharcanna maidir leis an léirscaoileadh víosaí a bhaineann leis an imirce teoranta do bheartais imirce na dtrí tíortha lena mbaineann, léirítear leis an roinn maidir le treochtaí imirce neamhrialta chuig na Ballstáit, diúltuithe cead isteach arna n-eisiúint ag na Ballstáit, agus iarratais ar chosaint idirnáisiúnta arna dtaisceadh sna Ballstáit ag náisiúnaigh na dtíortha a chumhdaítear leis an tuarascáil.

^{††††} Airteagal 8d(2) den togra.

^{††††} JOIN(2023) 17 final.

I. COMHARSANACHT AN AONTAIS EORPAIGH



1. GAN VÍOSA AR FEADH NÍOS LÚ NÁ 7 MBLIANA AN tSEOIRSIA

1. Ailíniú an bheartais víosaí

Tá córas taistil gan víosa ag an tSeoirsia le 25 thír atá ar liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas víosa^{§§§§}: An Airméin, an Asarbaiseáin, Bairéin, an Bhealarúis, an Bheilís, an Bhotsuáin, an tSín (comhaontú tarscaoilte víosaí a síníodh i mí Aibreáin 2024), an Phoblacht Dhoiminiceach, Eacuadór, an Iaráin, an Iordáin, an Chasacstáin, Cuáit, an Chirgeastáin, an Liobáin, Óman, Catar, an Rúis, an Araib Shádach, an Afraic Theas, an Táidsíceastáin, an Téalainn, an Tuirc, an Tuircméanastáin agus an Úisbéiceastáin.

Ní dhearna an tSeoirsia aon dul chun cinn i dtreo tuilleadh ailínithe leis an mbeartas víosaí; os a choinne sin, le síniú an chomhaontaithe tarscaoilte víosaí leis an tSín i mí Aibreáin 2024 tháinig méadú ar an éagsúlacht le beartas víosaí an Aontais. Maíonn an tSeoirsia, ós rud é nach bhfuil aon teorainn talún dhíreach aici leis an Aontas, nach bhfuil riosca ag baint lena heaspa ailínithe leis an mbeartas víosaí don Aontas i dtéarmaí imirce neamhrialta nó slándála de. Meabhraíonn an Coimisiún, áfach, gur príomhchuspóir é ailíniú an bheartais víosaí do na tíortha uile i gcomharsanacht an Aontais agus le spriocanna ballraíochta an Aontais. Dá bhrí sin, tá coinne leis ag an gCoimisiún go ndéanfaidh an tSeoirsia dul chun cinn maidir le hailíniú an bheartais víosaí.

2. Slándáil doiciméad, lena n- áirítear bithmhéadracht

Tá pasanna bithmhéadracha á n-eisiúint ag an tSeoirsia ó bhí 2010 ann. Cuirfear deireadh le pasanna neamh- bithmhéadracha go hiomlán faoin 1 Eanáir 2025, nuair a rachaidh na cinn dheireanacha atá

^{§§§§} Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1806.

i gcúrsaíocht faoi láthair in éag****. Mar chuid den chomhar le Interpol, malartaíonn an tSeoirsia faisnéis maidir le pasanna a cailleadh agus a goideadh.

I mí na Nollag 2023, ritheadh dlí lenar sainordaíodh cártaí aitheantais neamhleictreonacha arna n-eisiúint roimh an 28 Iúil 2011 a tharraingt siar faoin 1 Iúil 2024 agus cártaí aitheantais leictreonacha a chur ina n-ionad.

3. Bainistiú comhtháite teorainneacha, bainistiú imirce, tearmann

I mí an Mhárta 2023, ghlac an tSeoirsia an Straitéis um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha le haghaidh 2023-2027 agus, i mí Lúnasa 2023, ghlac sí Plean Gníomhaíochta na Straitéise um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha le haghaidh 2023-2027. Lean an tSeoirsia d'infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt na slándála teorann, i measc nithe eile, trí Aonad Mearfhreagartha Sléibhe a chruthú in 2023. Seoladh plean comhair maidir le faireachas ar theorainneacha le Ballstát amháin den Aontas agus le Ballstát eile den Aontas síníodh comhaontú teicniúil maidir le comhar cabhlaigh ina raibh Garda Cóstá na Seoirsia rannpháirteach.

Tá cuntas teiste ag an tSeoirsia maidir le comhar struchtúrtha le Frontex. Tá breathnóirí Frontex lonnaithe ag cúig phointe trasnaithe teorann (Tbilisi, aerfort Kutaisi, trasnú teorann talún Sarpi agus go séasúrach ag aerfort agus calafort Batumi). In 2023, imscaradh 28 n-oifigeach Frontex san iomlán chuig an tSeoirsia. Imscaradh póilíní de chuid na Seoirsia chuig 12 aerfort de chuid na mBallstát (24 oifigeach san iomlán in 2023). Is é is príomhchuspóir don chomhar seo cosc a chur ar shaoránaigh na Seoirsia córas taistil gan víosa a mhí-úsáid, lena n-áirítear trí iarratais gan bhunús ar thearmann a thaisceadh (féach thíos).

Tá an tSeoirsia ina comhalta de Líonra Anailíse Riosca Chomhpháirtíocht an Oirthir, ardán réigiúnach faoi stiúir Frontex le haghaidh malartú faisnéise agus comhroinnt faisnéise. Tá Stádas Acadamh Comhpháirtíochta Frontex tugtha d'Acadamh Aireacht Gnóthaí Inmheánacha na Seoirsia ó bhí 2019 ann. Ghlac an tSeoirsia páirt i gComhphointí Comhordúcháin Oibríochta an Aeir, na Talún agus na Farraige 2023 trí dhea-chleachtais a mhalartú agus trí chuartheanna a thabhairt ar shaineolaithe Frontex ar bhainistiú teorainneacha/nó iad a imscaradh. Áiríodh leis an gcomhar le Frontex clár oiliúna freisin (e.g. Seisiúin Faisnéise Shainoiriúnaithe maidir le Calaois Doiciméad agus Pasadóirí), cuairteanna staidéir, comhairle ó shaineolaithe agus malartuithe faoin gclár um Malartú Foirne 2023.

Leanadh den chomhar déthaobhach/iltaobhach leis na Ballstáit maidir le bainistiú teorainneacha/imirce, lena n-áirítear teagmhálacha/cuairteanna ardleibhéil, oifigigh idirchaidrimh na mBallstát a imscaradh sa tSeoirsia, oiliúint speisialaithe agus comhairle ó shaineolaithe agus béim á cur ar dhoiciméid bhrionnaithe a bhrath agus ar líonraí coireachta eagraithe a dhéanann speisialtóireacht i smuigleáil imirceach a chomhrac.

Chuir an tSeoirsia an moladh ón Séú Tuarascáil maidir leis an Sásra Fionraíochta Víosaí chun feidhme agus chuaigh sí isteach i bPlean Gníomhaíochta Oibríocháin an Ardáin Eorpaigh Ildisciplínigh i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT) maidir le Smuigleáil Imirceach le haghaidh na mblianta 2024-2025. In 2023, ghlac sé páirt i sé Phlean Gníomhaíochta Oibríocháin (OAPanna) agus 77 nGníomhaíocht Oibríocháin (OPanna). Mar thoradh ar an gcomhar laistigh den scéim EMPACT, cuireadh an tionscadal 'Deontas ar Luach Íseal (LVG)' chun feidhme freisin, tionscadal lena ndírítear ar an gcomhrac in aghaidh ghrúpaí coireachta eagraithe na Seoirsia san Aontas.

**** An 1 Eanáir 2024, ba é 2012 an líon pasanna neamh-bhithmhéadracha bailí a bhí fágtha.

Maidir le hathligeran isteach agus filladh, tharraing roinnt Ballstát den Aontas agus Frontex aird ar dhlúthchomhar le húdarais na Seoirsia. Ghlac an tSeoirsia go tráthrialta le hoibríochtaí um fhilleadh ar eitiltí cairtfhostaithe agus ar eitiltí sceidealaithe araon. Chuir an tSeoirsia a dtionlacaithe ar fáil freisin, arna iarraidh sin, chun oibríochtaí um fhilleadh lena mbailítear daoine a eagrú. Ina theannta sin, chuir Aireacht Gnóthaí Eachtracha agus Aireacht Gnóthaí Baile na Seoirsia síneadh lena gcomhar le Frontex maidir le sainaithint fillithe nach bhfuil doiciméid taistil ina seilbh acu trí oiliúint a chur ar an mBuanchór agus ar na Ballstáit maidir le húsáid an Chórais Bainistithe Cásanna um Athligeran Isteach de chuid na Seoirsia chun iarrataí ar a sainaithint a chur isteach go leictreonach.

Lean an tSeoirsia dá hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist maidir le hiarratais gan bhunús ar thearmann arna gcomhdú ag a saoránaigh i mBallstáit an Aontais. Bunaithe ar leasuithe a rinneadh in 2021 ar an Dlí maidir le rialacha le haghaidh shaoránaigh na Seoirsia maidir le fágáil na Seoirsia agus teacht isteach inti, lean údarais na Seoirsia de ‘sheiceálacha rialaithe ar an mbealach amach’ a dhéanamh ag pointí trasnaithe teorann na Seoirsia. Ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 1 Aibreán 2024, stopadh 7 910 saoránach ar an iomlán de chuid na Seoirsia a raibh sé beartaithe acu taisteal chuig an Aontas ag an teorainn. Lean údarais na Seoirsia ag tabhairt aghaidh ar an imirce neamhrialta trí ionchúiseamh coiriúil a dhéanamh ar dhaoine agus ar ghrúpaí a bhfuil baint acu le smuigleáil imirceach, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil baint acu le faisnéis bhréagach a sholáthar le haghaidh iarrataí ar thearmann san Aontas. Ciontaíodh triúr in 2023 (11 in 2022).

Chomhoibriú an tSeoirsia freisin le IOM, i gcomhpháirtíocht le UNHCR, maidir leis an tionscadal ‘Rialachas Imirce Éifeachtach le haghaidh Filleadh Inbhuanaithe agus Athimeascadh Shaoránaigh na Seoirsia’ chun tacú le filladh agus athimeascadh sábháilte, ordúil agus inbhuanaithe shaoránaigh na Seoirsia, agus le IOM/EDS maidir le himirce sláintebhuanaithe ón tSeoirsia agus iarratais gan bhunús ar thearmann i limistéar Schengen (faoi tionscadal ‘Georgia Cares’).


4. Faireachán ar threochtaí san imirce neamhrialta, iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, filladh agus athligeran isteach

In 2023, tháinig laghdú 8 % ar an líon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ó náisiúnaigh de chuid na Seoirsia sna Ballstáit i gcomparáid le 2022, agus taisceadh 24 375 iarratas in 2023 (26 555 in 2022). Lean an ráta aitheantais^{††††} 7 % in 2023 de bheith cobhsaí i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

In 2023, rinne náisiúnaigh de chuid na Seoirsia 10 dtrasnú teorann neamhrialta ar chuig Ballstáit an Aontais, i gcomparáid le 20 in 2022. In 2023, tháinig méadú 12 % ar an líon náisiúnach de chuid na Seoirsia ar cinneadh go raibh siad ag fanacht go neamhrialta sna Ballstáit, agus 24 595 duine i gceist in 2023 in aghaidh 22 005 in 2022. Tháinig laghdú 8 % ar an líon diúltuithe cead isteach a eisíodh do náisiúnaigh de chuid na Seoirsia ó 4 015 in 2022 go 3 680 in 2023.

In 2023, lean an líon cinntí um fhilleadh a eisíodh do náisiúnaigh na Seoirsia de bheith ag méadú agus eisíodh 20 240 ordú in 2023 i gcomparáid le 17 415 ordú in 2022, ar méadú 16 % é. Bhí an treocht chéanna ann maidir leis an líon daoine a filladh (10 555 in 2023 i gcomparáid le 7 725 in 2022, méadú 37 %). Cuireadh feabhas beagán ar an ráta fillte, ó 44 % in 2022 chuig 52 % in 2023.

^{††††} Chun críoch na tuarascála seo, déantar an ráta aitheantais a ríomh mar an sciar de chinntí dearfacha ag céadchéim (lena n-áirítear stádas dídeanaí, stádas cosanta coimhdí, chomh maith le stádas daonnúil náisiúnta) i líon iomlán na gcinntí ag an gcéadchéim. Chun sainmhíniú a fháil, féach https://home-affairs.ec.europa.eu/networks/european-migration-network-emn/emn-asylum-and-migration-glossary/glossary/recognition-rate-procedures-international-protection_en?prefLang=ga



Foinse: Eurostat

5. Ord poiblí agus an tslándáil

Lean an tSeoirsia dá comhar le Europol, agus choinnigh sí Oifigeach Idirchaidrimh ar bun i gCeanncheathrú Europol agus glacann sí páirt i seacht dtionscadal anailiseacha de chuid Europol. Idir mí an Mheithimh 2023 agus mí an Mhárta 2024, roinneadh 1 124 phíosa faisnéise oibríochtúla a bhain le níos mó ná 13 161 dhuine le comhaltaí Europol agus le tíortha comhpháirtíochta tríd an bhFeidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise (SIENA). Faoi chuimsiú an chomhair le CEPOL, bhain an tSeoirsia tairbhe as cláir oiliúna speisialaithe éagsúla faoin tionscadal arna chistiú ag an Aontas ‘Oiliúint agus comhpháirtíocht oibríochtúil in aghaidh na coireachta eagraithe’ (TOPCOP). Lean an tSeoirsia dá comhar le Eurojust, agus í rannpháirteach i bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú.

Lean an tSeoirsia den Straitéis Náisiúnta um Choireacht Eagraithe a Chomhrac le haghaidh 2021-2024 a chur chun feidhme agus béim á leagan ar an ngáinneáil ar dhruaí agus ar an gcibearchoireacht a chomhrac. Tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, tugadh aghaidh ar gháinneáil agus ar chúrsaíocht neamhdhleathach arm agus muinisean a chosc le leasuithe dlíthiúla. Lean an tSeoirsia de bheith rannpháirteach go gníomhach i meithleacha agus i dtionscadail mar chomhalta de Interpol. Chuir dhá Bhallstát den Aontas oiliúint ar fáil d’oifigigh forfheidhmithe dlí na Seoirsia maidir le doiciméid bhrionnaithe a bhrath agus íospartaigh an teacht i dtír ghnéasaigh ar líne a shainaitint.

I mí Feabhra 2023, ghlac an tSeoirsia an dara Straitéis Náisiúnta Drugaí le haghaidh 2023-2030 (arna spreagadh go díreach ag Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh 2021-2025) agus a Plean Gníomhaíochta faoi seach le haghaidh 2023-2024. Lean an tSeoirsia dá comhar le Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA) bunaithe ar shocrú oibre 2022 agus i gcomhthéacs thionscadal EU4MD II freisin.

Lean an tSeoirsia de straitéis náisiúnta frithsceimhlitheoireachta 2022-2026 agus a plean gníomhaíochta comhfhreagrach a chur chun feidhme. In 2023, gabhadh dhá shaoránach déag de chuid na Seoirsia agus trí náisiúnach tríú tír ar chúisimh gur bhain siad le heagraíocht sceimhlitheoireachta nó gur thacaigh siad léi. In 2023, chuaigh an tSeoirsia isteach i gClár na Náisiún Aontaithe um Taisteal Sceimhlitheoireachta a Chomhrac ‘goTravel’. Lean an tSeoirsia freisin den straitéis náisiúnta maidir le Sciúradh Airgid, Maoiniú Sceimhlitheoireachta agus Leathadh Arm Ollscriosta a Chosc, a Bhrath agus a Dhíchur (2023-2026) agus a plean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm. In 2023, leathnaigh an tSeoirsia a comhar le Europol maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht, chuaigh sí isteach i bhFoireann

Idirchaidrimh Chomhpháirteach Frithsceimhlitheoireachta na gníomhaireachta (CT JLT) agus ghlac sí páirt in go leor tionscadal anailíse frithsceimhlitheoireachta.

Moladh sa Séú Tuarascáil maidir leis an Sásra lena gcuirtear Tarscaoileadh Víosáí ar Fionraí go nglacfadh an tSeoirsia straitéis agus plean gníomhaíochta nua in aghaidh an éillithe, lena n-áiritheofaí acmhainní leordhóthanacha lena gcur chun feidhme agus lena dtabharfaí aird ar leith ar chásanna éillithe ardleibhéil a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a bhreithniú. Níor fhorbair an tSeoirsia straitéis náisiúnta ná plean gníomhaíochta nua in aghaidh an éillithe go fóill.

Sonraíodh sa Séú Tuarascáil maidir leis an Sásra lena gcuirtear Tarscaoileadh Víosáí ar Fionraí gur cheart don tSeoirsia Oifig um Aisghabháil Sócmhainní agus Oifig Bainistíochta Sócmhainní a bhunú agus dlús a chur lena hiarrachtaí maidir le haisghabháil sócmhainní. D’ainneoin chomhar na Seoirsia le hOifigí an Aontais um Aisghabháil Sócmhainní, tá aghaidh fós le tabhairt ar mholadh chun Oifig um Aisghabháil Sócmhainní a bhunú. Níl aon eintiteas tiomnaithe ann ach oiread a bhfuil sé de chúram sonrach air sócmhainní aisghafa a bhainistiú. Is í an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Maoín Stáit a bhainistíonn sócmhainní urghafa.

Moladh sa Séú Tuarascáil maidir leis an Sásra lena gcuirtear Tarscaoileadh Víosáí ar Fionraí go n-áiritheoidh an tSeoirsia go dtabharfaidh reachtaíocht maidir leis an mBiúró in aghaidh an Éillithe, an tSeirbhís Imscrúdaithe Speisialta agus an tSeirbhís um Chosaint Sonraí Pearsanta aghaidh ar mholtaí ó Choimisiún na Veinése. Leis na leasuithe ar an Dlí maidir leis an mBiúró in aghaidh an Éillithe a glacadh i mí na Bealtaine 2024, ní thugtar aghaidh ar phríomh-mholtaí Choimisiún na Veinése, go háirithe na moltaí sin a bhaineann le neamhspleáchas éifeachtach, neodracht pholaitiúil agus feidhmeanna an Bhiúró in aghaidh an Éillithe.

Glacann an tSeoirsia páirt sa Ghrúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta (GRECO). Tar éis mholtaí GRECO, leasaigh an tSeoirsia an Dlí maidir leis an tSeirbhís Ionchúisimh in 2023, agus leathnaíodh raon feidhme an chórais dearbhaithe sócmhainní chuig na hionchúisitheoirí uile. Áirítear i dtuarascáil mheastóireachta GRECO ar an tSeoirsia ó mhí Iúil 2024 moltaí maidir leis an gcreat straitéiseach, seiceálacha sláine agus trédharcacht.

6. Caidreamh seachtrach agus cearta bunúsacha

Sa tréimhse tuairiscithe, ghlac an tSeoirsia reachtaíocht a ndéantar dochar lena cur i bhfeidhm do chearta bunúsacha. Le glacadh an Dlí ‘maidir le trédharcacht tionchair eachtraigh’ i mí na Bealtaine 2024, agus le glacadh an phacáiste reachtaigh maidir le ‘luachanna teaghlaigh agus cosaint mionaoiseach’ i mí Mheán Fómhair 2024, déantar dochar don chreat dlíthiúil foriomlán chun cearta bunúsacha a chaomhnú. Sáraíonn an dá thionscnamh cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, go háirithe na cearta chun saoirse comhlachais, chun tuairimí a nochtadh agus chun príobháideachais. Glacadh an Dlí maidir le trédharcacht an tionchair eachtraigh i mí na Bealtaine 2024 d’ainneoin tuairim ó Choimisiún na Veinése^{****} agus iarrataí athdhearbhair an Aontais ina moltar an dlí a aisghairm. Déanann an dlí dochar don tsaoirse comhlachais agus don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, don cheart chun príobháideachais, don cheart chun páirt a ghlacadh i ngnóthaí poiblí chomh maith leis an toirmeasc ar idirdhealú. Méadaíonn ceanglais tuairiscithe anásta agus cumhachtaí fairsinge a thugtar don Aireacht Dlí agus Cirt maidir le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus na meán a rialú an baol go gcuirfear i bhfeidhm go roghnaitheach agus go treallach iad.

**** [CDL-PI\(2023\) \(coe.int\)](#): Tuairim phráinneach i ndáil leis an Dlí maidir le Trédharcacht an tionchair eachtraigh arna eisiúint ag Coimisiún na Veinése an 21 Bealtaine 2024

Chuir an Chomhairle Eorpach i dtábhacht sna conclúidí uaithi an 27 Meitheamh 2024 gurb ionann an dlí a glacadh ‘maidir le trédhearcacht an tionchair eachtraigh’ agus cúlú ar thrí cinn ar a laghad de na naoi gcéim a leagtar amach sa mholadh ón gCoimisiún maidir le stádas mar iarrthóir (maidir le bréagaisnéis, polarú, cearta bunúsacha agus rannpháirtíocht Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta). Tháinig an Chomhairle Eorpach ar an gconclúid go gcuireann gníomh rialtas na Seoirsia conair na Seoirsia chuig an Aontas i mbaol, rud a chuireann stop *de facto* leis an bpróiseas aontachais.

An 17 Meán Fómhair 2024, ghlac an Pharlaimint pacáiste reachtach ina bhfuil an ‘Dlí maidir le luachanna teaghlaigh agus cosaint mionaoiseach’ agus ocht leasú déag ar dhlíthe atá ann cheana, gan comhairliúcháin phoiblí roimh ré agus anailís chríochnúil ar chomhlíonadh caighdeán Eorpach agus idirnáisiúnta. Leis an bpacáiste reachtach maidir le luachanna teaghlaigh agus cosaint mionaoiseach, a síníodh ina dhlí an 3 Deireadh Fómhair, déantar dochar do chearta bunúsacha mhuintir na Seoirsia agus méadaítear an stiogmatú agus an t-idirdhealú. Mar thoradh ar na gníomhaíochtaí reachtacha agus ar leitheadúlacht leanúnach na fuathchainte homafóbaí, tá atmaisféar atá ag éirí níos naimhdí agus níos stiogmataí os comhair daoine LGBTIQ sa tSeoirsia.

Glacadh plean gníomhaíochta 2024-2026 maidir le cur chun feidhme na straitéise um chearta an duine tar éis próiseas comhairliúcháin teoranta agus ní áirítear ann forálacha maidir le daoine LGBTIQ agus cosaint an phríobháideachais. Tugann an plean gníomhaíochta aghaidh go páirteach ar shaoirse reiligiúin nó creidimh. Níl tús curtha le cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta go fóill, agus níl an faireachán ar chur chun feidhme sainithe go soiléir. Ní mór aghaidh a thabhairt fós ar bhearnaí suntasacha sa chreat straitéiseach a mhéid a bhaineann le cearta mionlaigh a chosaint, lena n-áirítear ionadaíocht do mhionlaigh.

Athdhearbháiodh sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17 Deireadh Fómhair 2024 gur cuireadh deireadh le próiseas aontachais na Seoirsia agus iarradh ar údaráis na Seoirsia athchóirithe daonlathacha, cuimsitheacha agus inbhuanaithe a ghlacadh, i gcomhréir le croíphrionsabail an lánpháirtithe Eorpaigh.

Déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme an Dlí maidir le trédhearcacht an tionchair eachtraigh agus an phacáiste reachtaigh maidir le luachanna teaghlaigh agus cosaint mionaoiseach ós rud é gur ceanglais shonracha ar ar deonaíodh léirscaoileadh víosaí don tSeoirsia iad comhlíonadh na gceart bunúsach, lena n-áirítear cur chun feidhme éifeachtach agus beartais maidir le frith-idirdhealú.

Tar éis an mholta maidir le cosaint sonraí ón gCúigiú Tuarascáil maidir leis an Sásra Fionraíochta Víosaí, glacadh Dlí nua maidir le Cosaint Sonraí Pearsanta i mí an Mheithimh 2023 agus leasaíodh é i mí na Bealtaine 2024. Tá moltaí Choimisiún na Veinise maidir le neamhspleáchas institiúideach, neamhchlaontacht agus cumhachtaí na Seirbhíse um Chosaint Sonraí Pearsanta fós gan réiteach.

7. Moltaí

Agus na forbairtí is déanaí sa tSeoirsia á gcur san áireamh, tá machnamh leanúnach á dhéanamh ar ghníomhachtú féideartha an tsásra fionraíochta víosaí i ndáil le catagóirí áirithe daoine. Chun leanúint de na tagarmharcanna léirscaoilte víosaí uile a chomhlíonadh agus chun gníomhachtú féideartha an tsásra fionraíochta a sheachaint, ní mór don tSeoirsia tuilleadh gníomhaíochta práinní a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí ón gCoimisiún. Go háirithe, ní mór aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo a leanas:

- a) Cosaint chearta bunúsacha shaoránaigh uile na Seoirsia a áirithiú agus a chaomhnú, lena n-áirítear an tsaoirse comhlachais, an tsaoirse comhthionóil agus an tsaoirse chun tuairimí a

nochtadh, an ceart chun príobháideachais, an ceart chun páirt a ghlacadh i ngnóthaí poiblí, chomh maith leis an toirmeasc ar idirdhealú.

- b) Aon reachtaíocht a sheachaint agus a aisghairm, ar reachtaíocht í a d'fhéadfadh srian a chur le cearta agus saoirsí bunúsacha, a rachadh in aghaidh phrionsabal an neamh-idirdhealaithe agus a thiocfadh salach ar chaighdeán ábhartha Eorpacha agus idirnáisiúnta. Go háirithe, an Dlí maidir le 'trédhearcacht an tionchair eachtraigh' agus an pacáiste reachtach maidir le 'luachanna teaghlaigh agus cosaint mionaoiseach' a aisghairm, agus an straitéis náisiúnta agus an plean gníomhaíochta maidir le cearta an duine a leasú chun a áirithiú go n-urramófar cearta daoine LGBTIQ go hiomlán.
- c) Beartas víosaí na Seoirsia a ailíniú le liosta an Aontais de na tríú tíortha lena mbaineann ceanglas víosa, go háirithe maidir le tíortha a bhfuil rioscaí imirce neamhrialta nó slándála ag baint leo le haghaidh an Aontais.
- d) Dlús a chur le gníomhaíocht chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na n-iarratas gan bhunús ar thearmann agus na dtréimhsí fanachta neamhrialta sna Ballstáit, amhail feachtais faisnéise maidir leis an gcóras taistil gan víosa chuig próifilí ábhartha imirceach agus seiceálacha teorann níos déine.
- e) Oifig um Aisghabháil Sócmhainní agus Oifig Bainistíochta Sócmhainní a bhunú, agus leanúint de na hiarrachtaí sócmhainní a rianú, a chalcadh, a bhainistiú, a choigistiú agus a dhiúscairt.
- f) Straitéis frith-éillitheachta agus plean gníomhaíochta nua a ghlacadh, agus acmhainní leordhóthanacha á n-áirithiú le haghaidh a gcur chun feidhme agus aird ar leith á tabhairt ar chásanna éillitheachta ardleibhéil a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a bhreithniú.
- g) An Dlí maidir leis an mBiúró in aghaidh an Éillithe a leasú chun aghaidh a thabhairt ar phríomh-mholtaí Choimisiún na Veinése, go háirithe na moltaí sin a bhaineann le neamhspleáchas éifeachtach, neodracht pholaitiúil agus feidhmeanna an Bhiúró in aghaidh an Éillithe.
- h) An Dlí maidir le Cosaint Sonraí Pearsanta a ailíniú le reachtaíocht uile an Aontais.

AN ÚCRÁIN

1. Ailíniú an bheartais víosaí

Tá córas taistil gan víosa ag an Úcráin le 15 thír atá ar liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas víosa: an Airméin, an Araib Shádach, an Asarbaiseáin, Bairéin, an Bhealarúis, an Chasacstáin, Catar, an Chirgeastáin, Cuáit, Eacuadór, an Mhongóil, Óman, an Táidsíceastáin, an Tuirc agus an Úisbéiceastáin.

Ní dhearnadh aon dul chun cinn i dtreo níos mó ailínithe le liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas víosa in 2023.

2. Slándáil doiciméad, lena n- áirítear bithmhéadracht

Tá pasanna bithmhéadracha á n- eisiúint ag an Úcráin ó 2015. Eisíodh na pasanna neamhbhithmhéadracha deireanacha in 2016, agus cuirfear deireadh leo go hiomlán in 2026, nuair a rachaidh siad in éag. I mí na Bealtaine 2022 forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm bogearra eagarthóireachta chun dúblaigh a shainiú sa Chóras Náisiúnta um Fhíorú agus Sainaithint Bhithmhéadrach shaoránaigh na hÚcráine, eachtrannach, agus daoine gan stát (NSBVI), faoi riar Seirbhís Imirce Stáit na hÚcráine. Mar thoradh ar an dídhúbláil a rinneadh, fuarthas 4 581 cás dúblach le leibhéal an-ard nó meánach muiníne. Bhí an cleachtadh sin ríthábhachtach chun calaois a shainaithint agus chun faisnéis a bhainistiú go cuí.

Faigheann gach saoránach den Úcráin uimhir náisiúnta uathúil, uimhir nach n-athraíonn riamh (fiú má athraíonn an duine lena mbaineann a ainm) agus a ionchorpraítear i ngach doiciméad aitheantais, lena n-áirítear pasanna.

D'ainneoin an chogaidh fhoghaigh leanúnaigh in aghaidh na hÚcráine, leanadh de dhoiciméid aitheantais a eisiúint in 2023, seachas i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil shealadach ag an Rúis, lena n-áirítear an Chrimé. Tar éis briseadh sealadach in 2022, chuir an Úcráin tús arís le feidhmiú chlár pasanna neamhbhailí na hÚcráine in 2023; tugtar an bunachar sonraí cothrom le dáta go laethúil. Níor cuireadh isteach riamh ar mhalartú faisnéise idir an Úcráin agus Interpol maidir le doiciméid a goideadh agus a cailleadh.

3. Bainistiú comhtháite teorainneacha, bainistiú imirce, tearmann

Ó thús ionradh iomlán na Rúise, tá codanna móra de theorainneacha idirnáisiúnta na hÚcráine faoi fhorghabháil ag an Rúis. Bhí 110 pointe trasnaithe san iomlán fós dúnta ar an teorainn leis an Rúis, leis an mBealarúis agus ar chuid Thras-dnístria den teorainn leis an Moldóiv. Níl 49 bpointe eile i gcríocha atá faoi fhorghabháil shealadach ag an Rúis faoi smacht na hÚcráine a thuilleadh. Mar sin féin, leanadh ar aghaidh leis an mbainistiú teorainneacha gan bhriseadh in earnálacha a bhí faoi smacht rialtas na hÚcráine.

Leasíodh an Straitéis um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha don tréimhse 2023-2025 i mí Iúil 2023. Glacadh an Plean Gníomhaíochta maidir le cur chun feidhme na straitéise i mí na Nollag 2023. I mí an Mheithimh 2023, glacadh go hoifigiúil le modheolaíocht náisiúnta chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an chur chun feidhme, modheolaíocht a ceapadh le cúnamh ó shaineolaithe an Aontais. Bunaíodh meitheal chomhpháirteach ina dhiaidh sin maidir le rialú cáilíochta i mbainistiú teorainneacha, ina gcuimsítear Frontex agus Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh san Úcráin (EUAM) i gcáil breathnóra.

In 2023, rinneadh iarrachtaí suntasacha chun uasghrádú a dhéanamh ar threalamh teicniúil na bpointí trasnaithe teorann uile a bhí fós faoi smacht na hÚcráine. Fuair seirbhísí teorann na hÚcráine

méideanna suntasacha trealamh agus sainoilúna ó roinnt Ballstát den Aontas. Cuireadh an deontas EUR 12 mhilliún ó Frontex chun tacú le Seirbhís Garda Teorann Stáit na hÚcráine chun feidhme go rathúil le linn 2023. Rannchuidiú láidir teicniúil a bhí sa trealamh a fuarthas chun príomhfheidhmeanna an Bhainistithe Chomhtháite Teorainneacha (IBM) de chuid chomhpháirtithe institiúideacha na hÚcráine a choinneáil ar bun. Leis an deontas cumasaíodh cumais níos fearr, go háirithe ag teorainneacha thiar na tíre, rud a réitigh an bealach le haghaidh gníomhaíochtaí oibriúcháin comhpháirteacha athnuaite.

Leanadh de phatról comhpháirteach a dhéanamh le seirbhísí teorann i roinnt Ballstát den Aontas.

I mí an Mheithimh 2023, ghlac an Úcráin dhá dhlí nua maidir leis an imirce, lena nuashonraítear, i measc nithe eile, na nósanna imeachta chun ceadanna cónaithe a dheonú agus a tharraingt siar agus na pionóis maidir le fanacht neamhrialta.

Ós rud é go bhfuil teorainn leis an rochtain aeir agus mhuirí ar an Úcráin, agus gur laghdaíodh na teorainneacha ina n-iomláine, lena n-áirítear, agus iad faoin dlí airm, imirce tráthrialta agus neamhrialta chuig an Úcráin, ón Úcráin agus tríd an Úcráin. In 2023 idircheapadh 5 467 imirceach neamhrialta ar theorainneacha leis an Úcráin (12 094 in 2022) agus thángthas ar 3 389 imirceach neamhrialta ar chríoch na hÚcráine (5 062 in 2022); i measc na dtíortha sin, ba shaoránaigh de chuid na Rúise, na hAsarbaiseáine agus na Moldóive 45 % díobh.

Lean an Úcráin den gháinneáil ar dhaoine a chomhrac agus bhí sí fós rannpháirteach i gcur chun feidhme an Chomhphlean Frithgháinneála chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí na gáinneála ar dhaoine agus chun tacú le híospartaigh ionchasacha ina measc siúd atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin. Glacann an Úcráin páirt ghníomhach i gcrúinnithe tráthrialta Líonra an Aontais de Chomhordaitheoirí agus Rapóirtéirí Náisiúnta agus i bhforfheidhmiú an dlí agus sa chomhar breithiúnach leis na Ballstáit agus le Gníomhaireachtaí an Aontais. In 2024 glacann sé páirt i 19 ngníomhaíocht oibriúcháin arna n-eagrú faoi chuimsiú EMPACT agus i roinnt foirne comhpháirteacha um imscrúdú in aghaidh grúpaí coireachta eagraithe a bhfuil baint acu le gáinneáil ar dhaoine. I ngeall ar an gcruatan eacnamaíoch agus fotha míleata na Rúise, tá náisiúnaigh na hÚcráine fós leochaileach don gháinneáil. Dá bhrí sin, ní mór na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Chomhphlean Frithgháinneála leanúint d'fheidhm a bheith acu.

Tá an comhar idir an Úcráin agus Frontex bunaithe ar an socrú oibre a síníodh in 2007. In 2023, lean Frontex de chomhairle ábhartha a sholáthar laistigh dá shainordú, ag cabhrú le húdaráis na hÚcráine freagairt do riachtanais phráinneacha fothaithe acmhainneachta agus do phróiseas machnaimh maidir leis an gcreat ilbhliantúil nua IBM.

In 2023, ní raibh aon chruinniú ag an gComhchoiste um Athligeran Isteach idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin. Mar sin féin, leanadh den chomhar le Ballstáit an Aontais maidir le hathligeran isteach a fhorbairt in 2023, le síniú na bprótacal cur chun feidhme leis an Rómáin agus leis an Laitvia.

Lean an Úcráin den chomhar le IOM, ICMPD agus UNHCR.


Leanadh de scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar thearmann san Úcráin. Mar sin féin, ó rinne an Rúis ionradh iomlán an 24 Feabhra 2022, tháinig laghdú suntasach ar an líon iarratas; in 2021, rinneadh 1 198 n-iarratas, ach ní dhearnadh ach 205 iarratas in 2022, agus 109 n-iarratas in 2023. Laghdaigh na cinntí dearfacha ó 157 in 2021 go 46 in 2022, agus 53 in 2023. Ó dheireadh 2023, bhí 2 520 dídeanaí aitheanta nó duine faoi chosaint choimhdeach ina gcónaí san Úcráin.

4. Faireachán a dhéanamh ar threochtaí san imirce, cosaint shealadach, iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, agus athligean isteach

Tar éis ghníomhachtú na Treorach um Chosaint Shealadach^{§§§§§} in 2022, amhail ón 5 Samhain 2024 is é **4 569 496 líon measta na gclárúcháin gníomhach le haghaidh cosaint shealadach** sna 27 mBallstát, san Iorua, san Íoslainn agus san Eilvéis, de réir sonraí a uaslódáladh ar an Ardán um Chosaint Shealadach agus a seoladh tríd an Líonra Treoirphlean, agus **4 424 322** díobh sin **i mBallstáit an Aontais**. Taifeadadh 436 095 chlárú neamhghníomhach ar an ardán. Is iad an Ghearmáin, an Pholainn agus an tSeicia na Ballstáit ina bhfuil an líon is mó tairbhíthe de chosaint shealadach fós (breis agus 1,13 milliún sa Ghearmáin, beagnach 1 milliún sa Pholainn, agus beagnach 400 000 sa tSeicia).^{*****} In 2023, rinneadh 1 056 020 cinneadh lenar deonaíodh cosaint shealadach san Aontas, rud arbh ionann é agus an cheathrú cuid den líon cinntí a rinneadh in 2022.^{†††††}

In 2023, b'ionann líon na n- iarratasóirí ón Úcráin ar chosaint idirnáisiúnta sna Ballstáit agus 16 145, 46 % níos mó ná in 2022 (29 790). D'fhan an ráta aitheantais cobhsaí in 2023 (88 %).

Tháinig laghdú 11 % ar an líon náisiúnach de chuid na hÚcráine a thrasnaigh teorainn an Aontais go neamhrialta in 2023 (4 579 in 2023 i gcomparáid le 5 148 in 2022). In 2023, fuarthas amach go raibh 40 815 náisiúnach Úcránach ag fanacht go neamhrialta san Aontas (43 360 náisiúnach in 2022, laghdú 6 %). Tháinig laghdú 37 % ar líon na ndíúltuithe cead isteach do náisiúnaigh na hÚcráine; 28 795 in 2022 le hais 18 235 in 2023.



Foinse: Eurostat

5. Ord poiblí agus an tslándáil

I mí na Bealtaine 2023, ghlac an Úcráin an Plean Straitéiseach Uileghabhálach maidir le hAthchóiriú na hEarnála Forfheidhmithe Dlí Uile le haghaidh 2023-2027, ina bhfuil cuspóirí uailmhianacha. I mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair 2023, ghlac an Úcráin reachtaíocht athbhreithnithe maidir le sciúradh airgid a chomhrac. I mí na Nollag 2023, ghlac an Úcráin reachtaíocht nua maidir leis an gcomhrac in aghaidh smuigleáil earraí agus maidir le cánacha máil/dleachtanna custaim a sheachaint; sa réimse sin, measann údaráis na hÚcráine gur fadhb an-tromchúiseach í smuigleáil tobac.

^{§§§§§} Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach, ST/6846/2022/INIT, IO L 71, 4.3.2022, lgh. 1- 6.

^{*****} [Staidreamh | Eurostat \(europa.eu\)](#).

^{†††††} [Staidreamh | Eurostat \(europa.eu\)](#).

I mí Lúnasa 2024, ghlac an Úcráin an Plean Gníomhaíochta, lena gcuirfear chun feidhme an Straitéis Uileghabhálach chun earnáil fhorfheidhmiú an dlí a athchóiriú.

Leanadh den chomhar leis an Aontas maidir leis an gcoireacht eagraithe a chomhrac, lena n-áirítear trí chúig Fhoireann Chomhpháirteacha um Imscrúdú (JIT) le Ballstáit an Aontais in 2023; cruthaíodh ocht JIT eile le Ballstáit an Aontais ag tús 2024. Rinneadh dianchomhar freisin faoi EMPACT (122 ghníomhaíocht oibriúcháin). Leanadh den chomhar leis an Aontas trí Europol agus malartaíodh níos mó ná 28 000 teachtaireacht trí SIENA agus rinneadh go leor gníomhaíochtaí oibriúcháin, in aghaidh gníomhaíochtaí coiriúla éagsúla amhail an chibearchoireacht (lena n-áirítear calaois i gcibearairgeadraí), smuigleáil réamhtheachtaithe drugaí, smuigleáil imirceach, gáinneáil ar dhaoine, trádáil aindleathach arm tine.

Rinneadh iarrachtaí chun feabhas a chur ar chlárú agus ar rialú cúrsaíochta arm; i mí an Mheithimh 2023 tháinig Clár Aontaithe na nArm i bhfeidhm.

An 5 Iúil 2024, d'fhormheas Comh-Aireacht na nAirí dréachtrialachán a d'fhorbair an Aireacht Gnóthaí Baile chun Lárionad Comhordúcháin a chruthú maidir le Scaipeadh Neamhdhleathach Arm Tine, a gComhpháirteanna agus a nArmlón a Chomhrac chun fónamh mar chomhlacht comhairliúcháin agus comhairleach sealadach faoi Chomh-aireacht na nAirí. Áirítear le príomhchuspóirí an Lárionaid comhordú a dhéanamh ar iarrachtaí gníomhaireachtaí stáit éagsúla a bhfuil baint acu le cúrsaíocht arm tine, malartú faisnéise a éascú, agus rialacháin a fhorbairt bunaithe ar dhea-chleachtais idirnáisiúnta. Tá an tionscnamh seo i gcomhréir le moltaí ón gCoimisiún Eorpach, mar a leagtar amach i bpacáiste 2023 um Méadú.

Tá comhar oibríochtúil ann freisin idir an tAontas agus an Úcráin sa réimse seo, lena n-áirítear trí mheitheal laistigh den Ghrúpa Saineolaithe Eorpacha maidir le hAirm Thine (EFE) atá comhdhéanta den Úcráin, de chúig Bhallstát den Aontas agus de Europol. Chuir an tAontas oiliúint agus comhairle ó shaineolaithe ar fáil faoi chomhordú EUAM. Tá EUAM ag tabhairt aghaidh ar ábhar na gáinneála ar airm thine agus ar mhionairm agus ar airm éadroma eile (SALW) ó bhí 2019 ann, lena n-áirítear trí thionscadal arna chur chun feidhme ag ESCE ('Mar thaca le hiarrachtaí na hÚcráine gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac'). Cuireann an tionscadal le 'Straitéis SALW AE' 2018 agus neartaíonn sé acmhainneachtaí Sheirbhís Garda Teorann Stáit na hÚcráine, Aireacht Gnóthaí Baile na hÚcráine agus Sheirbhís Fhioscach Stáit/Sheirbhís Chustaim Stáit na hÚcráine chun gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin san Úcráin a chomhrac. Pléitear an gháinneáil ar airm thine freisin faoi chuimsiú 'idirphlé slándála inmheánaí idir an tAontas agus an Úcráin', ó bhí 2023 ann, tar éis stádas na hÚcráine mar thír is iarrthóir.

I gcomhréir le straitéis 2018 an Aontais in aghaidh airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha agus a n-armlón, oibríonn an tAontas go leanúnach leis an Úcráin chun atreorú arm tine agus SALW, a n-armlón agus a bpléascáin a chosc. Dhírigh rannpháirtíocht an Aontais maidir le haghaidh a thabhairt ar an mbaol a bhaineann le gáinneáil aindleathach SALW agus a n-armlón ar na réimsí seo a leanas: a) tacaíocht arna soláthar trí Chinntí leanúnacha CBES ón gComhairle arna gcur chun feidhme ag ESCE, UNDP SEESAC, agus ag Conflict Armament Research; b) cur chun feidhme 'Liosta Gníomhaíochtaí an Aontais chun airm thine agus atreorú SALW eile a chomhrac i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin'; c) faireachán úsáide deiridh ar an gcúnamh míleata arna sholáthar faoin tSaoráid Eorpach Síochána. Oibríonn an tAontas freisin i gcomhar leis an Úcráin agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta faoi chuimsiú an idirphlé slándála inmheánaí idir an tAontas agus an Úcráin; Cruinnithe Quad agus an Aontais leis an Úcráin; Grúpa Stiúrthóirí G7 maidir le Neamhleathadh; agus idirphlé tráthrialta le tríú tíortha maidir le rialú gnáth-arm.

A mhéid a bhaineann leis an gcomhrac in aghaidh smuigleáil drugaí, níor glacadh fós an Straitéis Drugaí maidir le Beartas an Stáit don tréimhse 2023-2030. Lean an Úcráin den chomhar idirnáisiúnta sa réimse sin le EUDA bunaithe ar shocrú oibre 2022 agus i gcomhthéacs thionscadal EU4MD II, Europol, laistigh de EUBAM, agus faoi chuimsiú EMPACT.

Sa chomhrac in aghaidh na cibearchoireachta (go háirithe goid cistí trí mheabhlaireacht agus/nó haiceáil), chomhoibrigh an Úcráin go dian le Ballstáit an Aontais, Europol agus Eurojust, ach freisin le gníomhaireachtaí na Stát Aontaithe agus tríú tíortha (e.g. an tSeoirsia).

Mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, b'éigean don chóras ceartais aghaidh a thabhairt ar líon cásanna nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo a bhaineann le coireanna cogaidh agus coireanna in aghaidh an chine dhaonna. Ar cheann de na hiarmhairtí a bhí leis sin cruthaíodh an Lárionad Comhordúcháin um Thacaíocht d'Íospartaigh agus d'Fhinnéithe i mí Aibreáin 2023. Iarmhairt eile a bhí ag fogha míleata na Rúise ba ea líon méadaithe gníomhartha sabaitéireachta agus sceimhlitheoireachta (187 in 2023), inar díriodh go sonrach ar bhonneagair chriticiúla na hÚcráine, rud a chuir brú breise ar acmhainní gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus slándála, chomh maith le hacmhainní an chórais bhreithiúnaigh ina iomláine.

Sa chomhrac in aghaidh an éillithe, lean an Úcráin den Straitéis in aghaidh an Éillithe le haghaidh 2021-2025 agus de Chlár an Stáit in aghaidh an Éillithe le haghaidh 2023-2025 a chur i bhfeidhm. I mí Lúnasa 2023, glacadh an Straitéis um Aisghabháil Sócmhainní le haghaidh 2023-2025 agus ghlac an rialtas an plean gníomhaíochta chun í a chur chun feidhme i mí Lúnasa 2024.

I mí na Nollag 2023, glacadh dlí nua maidir le hacmhainneacht institiúideach Bhiúró Náisiúnta na hÚcráine (NABU) in aghaidh an Éillithe a neartú, lena méadaítear foireann NABU ó 700 duine go 1000 duine. Ar an taobh eile, d'ainneoin an mholta a eisíodh i dTuarascálacha roimhe sin maidir le Sásra lena gcuirtear Tarscaoileadh Víosáí ar Fionraí, ní dhearnadh aon dul chun cinn fós maidir le hacmhainneachtaí chúléisteacht teileafóin fhéinrialaitheach a bheith á bunú ag NABU. I mí Iúil 2023, shínigh NABU comhaontú comhair le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE).

An 1 Eanáir 2024, glacadh an dlí maidir le neamhspleáchas Oifig an Ionchúisitheora Speisialaithe in aghaidh an Éillithe (SAPO) a neartú; tugann sé stádas eintitis dhlíthiúil ar leithligh do SAPO ó Oifig an Ard-Ionchúisitheora agus sainíonn sé an nós imeachta maidir le roghnú iomaíoch le haghaidh ceapacháin chuig poist riaracháin in SAPO agus chuig poist ionchúisitheoirí, lena n-áirítear ceann SAPO.

I mí an Mhárta 2023, leasaigh an Úcráin an reachtaíocht maidir le roghnú agus ullmhú ionchúisitheoirí, rud a chuir feabhas ar an sásra um nósanna imeachta earcaíochta agus araíonachta.

I measc na mbeart reachtach eile a bhain leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe a glacadh in 2023, bhí roinnt leasuithe ar an reachtaíocht maidir le maoiniú páirtithe polaitiúla agus feachtais toghcháin a rialáil agus maidir le hathbhunú na n-oibleagáidí tuairiscithe ar mhaoiniú páirtithe polaitiúla chomh maith le leasuithe dlíthiúla chun dearbhú sócmhainní ag oifigigh phoiblí a athbhunú.

In 2023, d'oscail NABU 257 n-imscrúdú (i gcomparáid le 187 n-imscrúdú in 2022). Bunaithe ar thorthaí imscrúdú NABU, agus faoi threoraíocht nós imeachta SAPO, cuireadh 100 díotáil faoi bhráid na hArd-Chúirte in aghaidh an Éillithe in 2023 (i gcomparáid le 54 in 2022); d'eisigh an chúirt 44 chiontú chríochnaitheacha (lena n-áirítear in aghaidh ceathrar breithiúna, Feisire Parlaiminte amháin, beirt leas-airí agus státseirbhíseach amháin den chatagóir is airde (A)

I mí an Mheithimh 2024, tháinig an dlí lena ndéantar athbhreithniú ar an mbunús dlí maidir le Biúró Slándála Eacnamaíche na hÚcráine i bhfeidhm lena bhforbraítear próiseas oscailte, trédhearcach agus iomaíoch chun bainistíocht agus foireann a roghnú, chun grinnfhiosrúchán foirne a dhéanamh chomh maith le hiniúchadh feidhmíochta neamhspleách, rud a rannchuidíonn le cuntasacht, sláine agus gairmiúlacht a fheabhsú chun coireanna eacnamaíocha a chomhrac.

6. Caidreamh seachtrach agus cearta bunúsacha

Áirithítear urraim do chearta bunúsacha ar an iomlán agus léirigh an Úcráin go bhfuil sí tiomanta iad a chosaint agus iad a ailíniú tuilleadh le caighdeáin an Aontais, d'ainneoin na srianta atá ann mar gheall ar an gcogadh leanúnach agus ar an dlí airm. Mar thoradh ar dhlí airm tá roinnt srianta ar chearta agus ar shaoirsí, ach d'fhan siad den chuid is mó i gcomhréir leis an staid slándála agus cuireadh i bhfeidhm go cúramach iad go ginearálta.

Rinne an Úcráin dul chun cinn nach beag i dtreo dhaingniú Reachta na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta tríd an dlí daingniúcháin do Reachta na Róimhe a ghlacadh agus rinne sí bearta chun an reachtas intíre a ailíniú le hoibleagáidí idirnáisiúnta.

Leanann an Úcráin de thionscadal Chomhairle na hEorpa 'An fhuathchaint san Úcráin a chomhrac' a chur chun feidhme le haghaidh 2023-2025. Is é is aidhm don tionscadal leigheasanna dlíthiúla náisiúnta in aghaidh an idirdhealaithe agus an fhuatha a neartú, lena n-áirítear feabhas a chur ar chineálacha cúitimh d'íospartaigh.

Tar éis dhaingniú Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl), ghlac an Úcráin leasuithe ar an gCód um Chionta Riaracháin i mí na Bealtaine 2024 chun reachtaíocht maidir le foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac a thabhairt i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún.

Mar thoradh ar ionradh iomlán na Rúise agus ar spriocdhíriú d'aon ghnó na Rúise ar sibhialtaigh agus ar bhonneagar sibhialtach, tá an líon daoine faoi mhíchumas ag méadú i gcónaí i measc an airm agus na sibhialtach. I mí an Mheithimh 2023, ghlac an Úcráin dlí nua maidir le clárú daoine faoi mhíchumas a bhfuil cúnamh de dhíth orthu ó chistí speisialaithe. Bhí iarracht bhuiséadach ag gabháil leis an dlí nua chun cúnamh a mhaoiniú do dhaoine faoi mhíchumas.

An 8 Nollaig 2023, leasaigh an Úcráin an reachtaíocht maidir le mionlaigh náisiúnta, agus thug sí isteach athruithe substaintiúla ar na Dlíthe maidir le mionlaigh náisiúnta (Pobail), maidir leis na meáin, maidir le teanga stáit, maidir le foilsitheoireacht agus maidir leis an oideachas, agus ina dhiaidh sin roinnt dlíthe, treochláir agus modheolaíochtaí cur chun feidhme.

Mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise, tá 3.7 milliún duine easáitithe ina dtír féin san Úcráin. I mí Aibreáin 2023, ghlac an Úcráin Straitéis Beartais Stáit maidir le hEasáitiú Inmheánach agus an plean gníomhaíochta a ghabhann léi don tréimhse 2023-25. I measc na bpríomhchuspóirí, seachas tithíocht agus fostaíocht, tá oideachas leanúnach leanaí ó theaghlaigh easáitithe a áirithiú.

7. Moltaí

Ar an iomlán, tá na ceanglais léirscaoilte víosaí á gcomhlíonadh ag an Úcráin i gcónaí agus tá gníomhaíocht déanta aici chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na moltaí a rinne an Coimisiún roimhe seo. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh iarrachtaí, i gcás inar féidir sa chomhthéacs atá ann faoi láthair. Go háirithe, tá gá le haghaidh a thabhairt a thuilleadh ar na saincheistean seo a leanas:

- a) Beartas víosaí na hÚcráine a ailíniú le liosta an Aontais de na tríú tíortha lena mbaineann ceanglas víosa, go háirithe maidir le tíortha a bhfuil rioscaí imirce neamhrialta nó slándála ag baint leo le haghaidh an Aontais.
- b) Leanúint de na hiarrachtaí a neartú sa chomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe, agus béim ar leith á cur ar chur in aghaidh smuigleáil arm tine agus drugaí, ar an ngáinneáil ar dhaoine agus gné airgeadais na coireachta eagraithe a chomhrac, d'ainneoin na ndúshlán a bhaineann leis an gcogadh.
- c) Leanúint den chreat in aghaidh an éillithe a neartú, lena n-áiríteofar go mbeidh na hinstiúidí in aghaidh an éillithe go hiomlán neamhspleách agus go mbeidh siad in ann fíor-aschur suntasach a bhaint amach, i bhfianaise iarrachtaí atógála fadtéarmacha freisin.

AN CHOSAIV

Chuir an Coimisiún tús le hidirphlé leis an gCosaiv maidir le léirscaoileadh víosaí an 19 Eanáir 2012 agus an 14 Meitheamh 2012 chuir sé treochlár maidir le léirscaoileadh víosaí i láthair⁺⁺⁺⁺⁺ inar sainaithníodh na bearta reachtacha agus na bearta eile ba ghá don Chosaiv a ghlacadh agus a chur chun feidhme. Ina dhiaidh sin, ghlac an Coimisiún ceithre thuarascáil ina ndearnadh measúnú ar dhul chun cinn na Cosaive^{§§§§§}. An 4 Bealtaine 2016, mhol an Coimisiún don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa deireadh^{*****} a chur leis an gceanglas víosa don Chosaiv. Tar éis don Chosaiv an dá cheanglas a bhí fós gan chomhlíonadh roimhe sin a chomhlíonadh, dheimhnigh⁺⁺⁺⁺⁺ an Coimisiún an⁺⁺⁺⁺⁺ 18 Iúil 2018 gur chomhlíon an Chosaiv gach ceann de na 95 thagarmharc a leagtar amach sa treochlár agus mhol sé léirscaoileadh víosaí don Chosaiv.

Tar éis caibidlíocht idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, glacadh Rialachán (AE) 2023/850 an 19 Aibreán 2023^{§§§§§§}, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1806 tríd an gCosaiv a aistriú ó Chuid 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cuid 4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin. Tháinig an díolúine ón gceanglas víosa i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024, agus tá feidhm aici maidir le sealbhóirí pasanna bithmhéadracha arna n-eisiúint ag an gCosaiv i gcomhréir le caighdeáin na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO).

Ó cuireadh an treochlár maidir le léirscaoileadh víosaí i gcrích in 2018, lean an Chosaiv de reachtaíocht a ghlacadh agus a chur chun feidhme sna réimsí a chumhdaítear leis an treochlár, agus caighdeáin an Aontais agus caighdeáin idirnáisiúnta á gcomhlíonadh den chuid is mó aici i gcomhréir le tagarmharcanna an treochláir.

1. Ailíniú an bheartais víosaí

Tá córas taistil gan víosa ag an gCosaiv le 16 thír atá ar liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas víosa: Bairéin, an Bheilís, Eswatini, Fidsí, an Ghuáin, an Iordáin, Cuáit, Leosóta, an Mhaláiv, Oileáin Mhaildive, Óman, Nua-Ghuine Phapua, Catar, São Tomé agus Príncipe, an Araib Shádach agus an Tuirc. I mí Lúnasa 2024, chuir an Chosaiv ceanglas víosa i bhfeidhm arís le haghaidh náisiúnaigh den Bhotsuáin, den Namaib agus den Afraic Theas.

Mar a luaitear sa bhrollach a ghabhann leis an Rialachán lenar deonaíodh stádas gan víosa don Chosaiv^{*****}, chun a áirithiú go ndéanfar an imirce a bhainistiú go maith agus chun timpeallacht shlán a áirithiú, ba cheart don Chosaiv féachaint lena beartas víosaí a ailíniú tuilleadh le beartas víosaí an Aontais. Toisc nach bhfuil beartas víosaí na Cosaive ailínithe le beartas víosaí an Aontais, tá baol níos mó ann go mbeidh imirce neamhrialta ann chuig an Aontas trí bhealach na mBalcán Thiar.

⁺⁺⁺⁺⁺ https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/IP_12_605

^{§§§§§} COM (2013) 66 final, COM(2014) 488 final, COM(2015) 906 final, a bhfuil SWD(2015) 706 final, agus COM(2016) 276 final ag gabháil leis.

^{*****} COM (2016) 277 final.

⁺⁺⁺⁺⁺ COM(2018) 543 final.

⁺⁺⁺⁺⁺ Daingniú an Chomhaontaithe maidir le Críochú Teorann le Montainéagró (21 Márta 2018) agus cuntas teiste seasta a bhunú agus a neartú maidir le himscrúduithe agus rialuithe deiridh cúirte i gcásanna coireachta eagraithe agus éillithe.

^{§§§§§} Rialachán (AE) 2023/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1806 lena liostaítear na trí tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na trí tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (an Chosaiv (Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.))

^{*****} Ibid., Aithris 6.

Mar chuid dá Clár Oibre don Athchóiriú faoin bPlean Fáis, thug an Chosaiv gealltanas tuilleadh ailínithe a dhéanamh le liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas víosa. Go dtí go ndéanfar ailíniú iomlán, bheadh coinne leis go ndéanfaí scagadh níos déine ar náisiúnaigh tríú tír a thagann isteach gan víosa, go háirithe iad siúd ó thíortha lena mbaineann rioscaí slándála nó imirce neamhrialta, mar bheart sealadach íosta ón gCosaiv.

2. Slándáil doiciméad, lena n- áirítear bithmhéadracht

Eisíonn an Chosaiv doiciméid taistil phearsanta bhithmhéadracha atá meaisín-inléite i gcomhréir le caighdeán ICAO agus an Aontais maidir le gnéithe slándála agus bithmhéadracht i ndoiciméid taistil. Tá doiciméid taistil phearsanta bhithmhéadracha atá inléite ag meaisín á n-eisiúint ó bhí 2011 ann. Chuaigh na pasanna neamh-bhithmhéadracha deireanacha a eisíodh in 2011 in éag in 2021. Dá bhrí sin, níl pasanna neamh-bhithmhéadracha bailí i gcúrsaíocht a thuilleadh. Luaigh Ballstát amháin, cé go bhfuil gnéithe maithe slándála ag baint leis an mbundoiciméad taistil nua a d'eisigh an Chosaiv (bithmhéadrach le slis), go ndéantar doiciméid a phearsantú le teicneolaíocht scairdphrionta, rud a fhágann go bhfuil siad níos éasca a bhrionnú.

In 2023, sheol an Chosaiv dhá thionscnamh chun slándáil doiciméad a fheabhsú: ar an gcéad dul síos, d'fhorghas an rialtas dlí nua maidir le cártaí aitheantais agus chuir sé chuig an Tionól é lena fhorghas; ar an dara dul síos, d'fhorghas sí Treoir Riaracháin nua chun Cártaí Aitheantais a Eisiúint lena simplítear an próiseas iarratais agus lena neartaítear gnéithe slándála cártaí aitheantais.

Tuairiscíonn Póilíní na Cosaive pasanna a cailleadh nó a goideadh go tráthrialta chuig Interpol. In 2022, thuairiscigh sé 4 440 Doiciméad Taistil a Goideadh agus a Cailleadh (SLTDanna), agus in 2023 thuairiscigh sé 4 531 SLTD do Interpol.

3. Bainistiú comhtháite teorainneacha, bainistiú imirce, tearmann

Maidir le bainistiú teorainneacha, i mí na Nollag 2023 d'fhorghas an Chosaiv Dlí nua ar rialú teorann chun ailíniú breise a dhéanamh le *acquis* ábhartha an Aontais, go háirithe Cód Teorainneacha Schengen agus na Treoracha maidir le Réamhfhaisnéis faoi Phaisinéirí (API) agus Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR). Tá an Chosaiv fós ag cur chun feidhme bainistiú comhtháite teorainneacha (IBM) ag a pointí trasnaithe teorann, ar cuireadh feabhas air in 2013 trí bhunú an Lárionaid Náisiúnta um Bainistiú Teorainneacha (NCBM), a bhfuil sé de chúram air faisnéis a dháileadh agus gníomhú mar lárionad comhpháirteach ilghníomhaireachta um anailís riosca. Dhréachtaigh agus d'fhorghas an Chosaiv trí straitéis as a chéile le haghaidh IBM le linn na tréimhse 2009-2024. Tá straitéis i bhfeidhm faoi láthair don tréimhse 2020-2025.

Is é an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas agus an Chosaiv, a tháinig i bhfeidhm in 2016, bunús an chomhair leis an gCosaiv. Shínigh an Chosaiv roinnt comhaontuithe déthaobhacha freisin a bhaineann le bainistiú teorainneacha le tíortha comharsanachta, amhail comhaontú 2018 leis an Albáin, a bhaineann le comhrialtuithe teorainneacha ag pointe trasnaithe teorann Morine-Kukes.

Shínigh an Chosaiv socrú oibre le Frontex in 2016. Ó shin i leith, tá dlúthchomhar idir an Chosaiv agus Frontex toisc gur bhain údarais na Cosaive tairbhe as saeolas oifigigh Frontex maidir le fíorú doiciméad agus bainistiú teorainneacha. Ceann de na torthaí a bhfuil coinne leis ón tionscadal 'Tacaíocht Réigiúnach an Aontais chun Acmhainneachtaí Slándála Teorann a Neartú sna Balcáin Thiar' is ea go bhfaighidh an Chosaiv rochtain ar chláir agus ar threalamh fothaithe acmhainneachta,

lárionaid náisiúnta chomhordúcháin a chur chun cinn, chomh maith lena straitéis IBM a ailíniú leis an gcoincheap agus straitéis Eorpach IBM.

Maidir le bainistiú imirce neamhrialta, i mí na Nollag 2023, laethanta roimh theacht i bhfeidhm an léirscaoilte víosaí, bhunaigh an Chosaiv sásra luathrabhaidh chun faireachán a dhéanamh ar threochtaí imirce shaoránaigh na Cosaive i limistéar Schengen. Rinne an Aireacht Gnóthaí Baile athbhreithniú ar phlean gníomhaíochta na straitéise imirce, chun í a ailíniú le forbairtí an Aontais le déanaí. Formheasadh an plan gníomhaíochta i mí an Mheithimh 2024.

Maidir le comhar i ndáil le hathligeran isteach, go dtí 2022, shínigh an Chosaiv comhaontuithe um athligeran isteach le 24 thír, lena n-áirítear 20 Ballstát de limistéar Schengen. In 2023, thosaigh an Chosaiv ar chomhaontuithe déthaobhacha um athligeran isteach a chaibidliú leis an Laitvia, leis an Liotuáin agus leis an bPolainn. Ar an iomlán, thuairiscigh na Ballstáit dlúthchomhar láidir leis an gCosaiv maidir le hathligeran isteach. Chuir Ballstát amháin i dtábhacht go bhfuil gá le feabhsuithe maidir le hiarrataí áirithe ar athligeran isteach ar diúltáíodh dóibh níos mó ó bhí 2018 ann *inter alia* mar gheall ar easpa clárúcháin i mbunachair sonraí bhithmhéadracha nó rialuithe sibhialta míchruinne.

Tar éis sheoladh ghlaio bliantúil Frontex ar institiúidí comhpháirtíochta na mBalcán Thiar chun páirt a ghlacadh i gcruinnithe na Meithle um Thíortha atá á mbainistiú ag Frontex mar bhreathnóirí, tugadh stádas breathnóra don Chosaiv do Mheitheal na hAilgéire, Mharacó agus na hIaráice.


Shínigh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) agus an Aireacht Gnóthaí Baile treochlár i mí an Mhárta 2022 le haghaidh comhar idir an Chosaiv agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann, maidir leis an gcóras tearmainn agus glactha a neartú i gcomhréir le comhchaighdeáin an chórais tearmainn agus le caighdeáin an Aontais. I mí an Mhárta 2024, cuireadh síneadh 1 bhliain amháin leis an sprioc-am chun an treochlár a chur chun feidhme, agus é á chur san áireamh go bhfuil cuid de na cuspóirí dá bhforáiltear sa treochlár fós ábhartha.

4. Faireachán a dhéanamh ar threochtaí san imirce, cosaint shealadach, iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, agus athligeran isteach

Tháinig laghdú beag (4.5 %) ar an líon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a thaisc saoránaigh na Cosaive sna Ballstáit idir 2022 agus 2023, agus taisceadh 3 220 iarratas in 2022 i gcomparáid le 3 075 iarratas in 2023. Thit an ráta aitheantais 14 % in 2022 go 10 % in 2023.

In 2023, thuairiscigh na Ballstáit 176 thrasnú teorann neamhrialta ag saoránaigh de chuid na Cosaive, rud a léiríonn feabhas suntasach 48 % níos lú ná mar a bhí in 2022 (339), agus tá an treocht chéanna le feiceáil maidir leis an líon saoránach de chuid na Cosaive a fuarthas go raibh siad ag fanacht go neamhrialta sna Ballstáit – laghdú 13 % i gcomparáid le 2022 (ó 5 025 in 2022 go 4 360 in 2023). Tháinig laghdú 3 % in 2023 ar an líon diúltuithe cead isteach le haghaidh saoránaigh de chuid na Cosaive sna Ballstáit (ó 1 830 in 2022 go 1 780 in 2023), rud a léiríonn athrú dearfach ar an treocht ón mbliain seo caite.

D'fhan an líon cinntí um fhilleadh a eisíodh in 2023 (4 565) cobhsaí i gcomparáid le 2022 (4 455), ar méadú beag 2 % é. In 2023, tuairiscíodh 1 465 cás inar fillleadh saoránaigh de chuid na Cosaive, i gcomparáid le 1 540 in 2022 (laghdú 5 %). Ba é an treocht chéanna an ráta fillte a laghdaigh ó 35 % in 2022 go 32 % in 2023.



Foinse: Eurostat

Ós rud é nach mbeidh sonraí iomlána Eurostat don bhliain 2024 ar fáil ach i lár 2025 amháin, ní féidir measúnú iomlán a dhéanamh go fóill ar thionchar theacht i bhfeidhm an léirscaoilte víosaí ar threochtaí imirce agus tearmainn i limistéar Schengen.

Thuairiscigh roinnt Ballstát, áfach, gur tháinig méadú substaintiúil ar iarratais gan bhunús ar thearmann arna dtaisceadh ag saoránaigh na Cosaive ó thús 2024. Sna chéad 7 mí de 2024, chuir saoránaigh na Cosaive 3 905 iarratas isteach i mBallstáit an Aontais (+108 % i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2023). Mar chuid de na tionscnaimh a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, chuir an Chosaiv agus grúpa comhair áitiúil Schengen tús le plé chun sásra comhroinnte faisnéise a bhunú idir údaráis na mBallstát (lena n-áirítear misin taidhleoireachta áitiúla) agus údaráis na Cosaive chun faireachán a dhéanamh ar threochtaí imirce neamhrialta agus tearmainn. Is éard atá i gceist leis an tionscnamh seo freisin feachtas cumarsáide inmheánaí na Cosaive a chur ar bun arís chun eolas a thabhairt faoi na cearta agus na hoibleagáidí a bhaineann le taisteal chuig limistéar Schengen agus chuig an gCosaiv agus dul i dteagmháil go déthaobhach leis na Ballstáit den Aontas is mó dá ndéantar difear.

5. Ord poiblí agus an tslándáil

Ó mhí an Mheithimh 2023, mar gheall ar an easpa gníomhaíochta cinntithí chun an teannas i dtuaisceart na Cosaive a mhaolú, tá roinnt beart á gcur chun feidhme ag an Aontas i leith na Cosaive, bearta a bhfuil tionchar acu ar thacaíocht airgeadais freisin. In 2023, thosaigh an Chosaiv ar leasuithe a rinneadh in 2022 ar an gcreat dlíthiúil maidir le hábhair choiriúla agus bhreithiúnacha a chur chun feidhme, lena n-áirítear an Cód Coiriúil, an Cód um Nós Imeachta Coiriúil, an Dlí maidir leis an nGníomhaireacht um Éilliú a Chosc, agus an Dlí maidir le Dearbhú, Tionscnamh agus Rialú Sócmhainní agus Bronntanas. Rinne an Chosaiv leasú breise ar an gCód Coiriúil agus ar an gCód um Nós Imeachta Coiriúil in 2023. Rannchuidigh na leasuithe sin le hailíniú breise a dhéanamh ar chreat dlíthiúil na Cosaive le *acquis* an Aontais sna réimsí sin. Sheol an Chosaiv dréachtú na Straitéise nua in aghaidh an Éillithe freisin. Glacadh straitéis náisiúnta agus plean gníomhaíochta 2023-2028 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac i mí an Mheithimh 2023.

Glacadh Dlí maidir leis an Ionchúiseamh Speisialta i mí Dheireadh Fómhair 2023, lena dtugtar bunús dlí go háirithe d'aonad imscrúdaithe speisialta laistigh de Phóilíní na Cosaive chun tacú leis an Oifig Ionchúisimh Speisialta. Cruthaíonn an dlí seo bunús freisin d'Fhoirne Comhphárteacha Imscrúduithe

chun cionta coiriúla a bhfuil an Oifig Ionchúisimh Speisialta inniúil ina leith a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Tugtar tacaíocht don chomhar maidir leis an tslándáil idir an Chosaiv agus an tAontas le Socrú Oibre a síníodh in 2020 idir an Chosaiv agus Europol, arna chomhlánú le comhaontuithe sonracha maidir le malartú faisnéise rúnaicmithe agus úsáid chainéal SIENA. Tá oifigeach idirchaidrimh fostaithe ag an gCosaiv in Europol ó bhí mí an Mhárta 2023 ann. Glacann Póilíní na Cosaive páirt freisin i ngníomhaíochtaí EMPACT, áit ar dheimhnigh an Chosaiv, i dtimthriall EMPACT 2024-2025, rannpháirtíocht in 12 phlean gníomhaíochta oibriúcháin agus 70 Gníomhaíocht Oibriúcháin. Lean na húdaráis den socrú cur chun feidhme déthaobhach leis an Aontas a chur chun feidhme le haghaidh an phlean gníomhaíochta chomhpháirtigh maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht le haghaidh na mBalcán Thiar.

Tá socrú oibre ag an gCosaiv freisin le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), a síníodh in 2017. Glacann an Chosaiv páirt i ngníomhaíochtaí CEPOL, lena n-áirítear tríd an tionscadal atá á chistiú ag an Aontas ‘Comhpháirtíocht na mBalcán Thiar in aghaidh na coireachta agus na sceimhlitheoireachta’.

Lean an Chosaiv dá comhar le EUDA bunaithe ar shocrú oibre 2020 agus i gcomhthéacs thionscadal IPA8 freisin.

6. Cearta bunúsacha

Go ginearálta, ráthaítear le creat bunreachtúil agus dlíthiúil na Cosaive go gcosnófar cearta agus saoirsí bunúsacha. Cheap an Chosaiv comhordaitheoir náisiúnta don fhoréigean teaghlaigh agus bhunaigh sí rúnaíocht lárnach chun foréigean inscnebhunaithe a chomhrac, i gcomhréir le Coinbhinsiún Iostanbúl. Maidir leis an gcomhrac in aghaidh an fhoréigin inscnebhunaithe, chuir an Chosaiv clár nua i bhfeidhm chun déantóirí na coire a athshlánú agus ghlac sí leasuithe ar an reachtaíocht choiriúil lena méadaítear pionós agus lena mbunaítear coimircí chun an dlí a chur i bhfeidhm. Leis na leasuithe ar an gCód um Nós Imeachta Coiriúil tugadh aghaidh freisin ar roinnt easnamh a bhaineann le comhlíonadh sprioc-amanna nós imeachta agus ionadaíocht cosanta. I measc na n-ábhar inní atá fós ann tá imeachtaí cúirte moillithe agus rófhada. Tá glacadh an Chóid Shibhialta, lena neartófaí cosaint na gceart sibhialta agus na gceart bunúsach, fós ar feitheamh.

Ghlac an rialtas Straitéis chun cearta na bpobal a chosaint agus a chur chun cinn, a bhfuil sé mar aidhm aici cearta mionlach a neartú. Mar sin féin, bhí tionchar diúltach ag roinnt gníomhaíochtaí ar chearta agus ar dhálaí maireachtála pobal neamhthromlaigh i dtuaisceart na Cosaive, amhail próisis díshealbhaithe a rinneadh gan nósanna imeachta dlíthiúla a leanúint, rialachán ón mBanc Ceannais lena gcuirtear srian ar idirbhearta airgid in aon airgeadra eile seachas an euro, agus dúnadh bainc Sheirbiacha, oifigí poist Seirbiacha agus soláthraithe seirbhísí poiblí a fhaigheann tacaíocht ón tSeirbia sa Chosaiv, a d'oibrigh lasmuigh de chreat dlíthiúil na Cosaive. Táthar ag súil go gcosnóidh an Chosaiv na sásraí atá ann cheana lena gcosnaítear cearta na bpobal neamh-thromlaigh agus go gcuirfidh sí feabhas ar a gcur chun feidhme, ar bhealach comhordaithe comhaontaithe, agus leas á bhaint as an Idirphlé arna éascú ag an Aontas maidir leis an gcaidreamh leis an tSeirbia a normalú. I gcinneadh a rabhthas ag súil leis le fada, chuir an Chosaiv breithiúnas na Cúirte Bunreachtúla maidir le húinéireacht talún Mhainistir Deçan/Dečani chun feidhme.

I mí Iúil 2024, ghlac an Tionól Dlí nua maidir le rialtóir na meán. Rannchuidíonn sé le feabhas a chur ar rialáil na meán agus ar fheidhmíocht an rialtóra. Mar sin féin, níor léirigh leasuithe an Tionóil formhór na moltaí ón Aontas agus ó chomhpháirtithe idirnáisiúnta eile. Tá inní fós ann maidir le

neamhspleáchas, cumhachtaí agus maoiniú an rialtóra agus maidir le heaspa soiléireachta agus comhréireachta an dlí. Rinne an freasúra an Dlí a tharchur chuig an gCúirt Bhunreachtúil lena athbhreithniú.

7. Moltaí

Ar an iomlán, leanann an Chosaiv de na ceanglais maidir le léirscaoileadh víosaí a chomhlíonadh. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh iarrachtaí. Go háirithe, tá gá le haghaidh a thabhairt a thuilleadh ar na saincheisteanna seo a leanas:

- a) Beartas víosaí na Cosaive a ailíniú le liosta an Aontais de na tríú tíortha lena mbaineann ceanglas víosa. Go dtí go ndéanfar ailíniú iomlán, ba cheart scagadh níos déine ar náisiúnaigh tríú tír atá ag teacht isteach gan víosa, go háirithe iad siúd ó thíortha a bhfuil rioscaí slándála nó imirce neamhrialta ag baint leo, a thabhairt isteach trí thionscnaimh oibríochtúla agus/nó riaracháin (e.g. ag pointí trasnaithe teorann) nó trí reachtaíocht náisiúnta mar bheart sealadach íosta a bhfuil coinne leis ón gCosaiv.
- b) Leanúint de na tionscnaimh a seoladh le déanaí i gcomhar leis na Ballstáit agus iad a neartú chun faireachán a dhéanamh ar shaincheist na n-iarratas gan bhunús ar thearmann ó shaoránaigh na Cosaive sna Ballstáit, lena n-áirítear trí fheachtais feasachta a threisiú chun eolas a chur ar fáil faoi na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le taisteal chuig limistéar Schengen agus trí scagadh níos déine a chur i bhfeidhm tráth imeachta.
- c) Leanúint de chomhaontuithe déthaobhacha um athligeran isteach a chur chun feidhme chun an leibhéal maith comhair atá ann faoi láthair a choinneáil, agus obair a dhéanamh chun comhaontuithe nua um athligeran isteach a thabhairt i gcrích.
- d) Leanúint den chreat dlíthiúil agus beartais maidir le hábhair bhreithiúnacha agus choiriúla a chur chun feidhme.
- e) Cosaint chearta na bpobal neamhthromlaigh a neartú tuilleadh agus feabhas a chur ar ar chur chun feidhme na gceart sin.

2. SAOR Ó VÍOSA AR FEADH NÍOS MÓ NÁ 7 MBLIANA

AN ALBÁIN

1. Ailíniú an bheartais víosaí

Tá córas taistil gan víosa ag an Albáin le 13 thír atá ar liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas víosa, a bhfuil díolúine víosa buan ag seacht gcinn díobh (an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, an tSín, an Chasacstáin, Cuáit agus an Tuirc) agus a bhfuil tarscaoileadh víosa séasúrach ag sé cinn díobh chun teacht isteach san Albáin (Bairéin, Óman, Catar, an Araib Shádach agus an Téalainn – an 16 Márta go dtí an 31 Nollaig 2024, agus an Indinéis – an 1 Aibreán go dtí an 31 Nollaig 2024). Ina theannta sin, náisiúnaigh tríú tír ag a bhfuil cead cónaithe 10 mbliana in Aontas na nÉimírichtaí Arabacha, rud atá bailí 1 bhliain amháin ar a laghad tráth an teacht isteach, is féidir leo teacht isteach san Albáin gan víosa freisin.

I mí Aibreáin 2023, bhain an Albáin an Rúis, an India agus an Éigipt dá liosta díolúintí víosa séasúracha. I mí an Mhárta 2024, áfach, chuir sé an Indinéis leis an liosta. I mí na Bealtaine 2024, chuir an Albáin a tarscaoileadh gan víosa leis an mBealarúis ar fionraí go páirteach i gcás sealbhóirí pasanna taidhleoireachta agus seirbhíse. Coimeádtar an córas taistil gan víosa sin, áfach, do shealbhóirí uile na Bealarúise a bhfuil gnáthphas acu. I mí Iúil 2024, chuir an Albáin a córas taistil gan víosa leis an nGuáin ar fionraí i gcás gach sealbhóra pas.


Toisc nach bhfuil beartas víosaí na hAlbáine ailínithe le beartas víosaí an Aontais, tá baol níos mó ann go mbeidh imirce neamhrialta ann chuig an Aontas trí bhealach na mBalcán Thiar. Tá coinne leis ag an gCoimisiún go ndéanfaidh an Albáin tuilleadh dul chun cinn maidir le hailíniú an bheartais víosaí. Mar chuid dá Clár Oibre don Athchóiriú faoin bPlean Fáis, thug an Albáin gealltanais tuilleadh ailínithe a dhéanamh le liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas víosa. Go dtí go ndéanfar ailíniú iomlán, bheadh sé ina bheart íosta sealadach úsáideach scagadh níos déine a dhéanamh ar náisiúnaigh tríú tír atá ag teacht isteach gan víosa, go háirithe iad siúd ó thíortha lena mbaineann rioscaí slándála nó imirce neamhrialta.

2. Faireachán ar threochtaí san imirce neamhrialta, iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, filleadh agus athligean isteach

Tháinig laghdú 30 % ar an líon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a thaisc náisiúnaigh de chuid na hAlbáine sna Ballstáit idir 2022 agus 2023, agus taisceadh 9 100 iarratas in 2023 i gcomparáid le 13 020 iarratas in 2022. Tháinig méadú beag ar an ráta aitheantais 9 % in 2022 in 2023 (10 %).

In 2023, thuairiscigh na Ballstáit 639 dtrasnú teorann neamhrialta ag náisiúnaigh de chuid na hAlbáine, 14 % níos lú ná in 2022 (746). Bhí an treocht chéanna le feiceáil sa líon náisiúnach de chuid na hAlbáine ar cinneadh go raibh siad ag fanacht go neamhrialta sna Ballstáit in 2023 (32 975) i gcomparáid le 2022 (38 930) nó laghdú 15 %. Tháinig titim 12 % in 2023 ar an líon diúltuithe cead isteach le haghaidh náisiúnaigh de chuid na hAlbáine sna Ballstáit (ó 15 265 in 2022 chuig 13 440 in 2023).

Tháinig ardú 28 % ar an líon cinntí um fhilleadh in 2023 (17 415) i gcomparáid le 2022 (24 165). In 2023, tuairiscíodh 8 235 cás inar fillleadh náisiúnaigh de chuid na hAlbáine, i gcomparáid le 10 020 in 2022 (laghdú 18 %). Tháinig méadú beag ar an ráta fillte ó 41 % in 2022 go 47 % in 2023, rud a lean den treocht dhearfach le blianta beaga anuas.



Foinse: Eurostat

3. Comhar maidir le himirce, bainistiú teorainneacha agus athligeran isteach

Lean an Albáin de pháirt dhearfach a ghlacadh i gcur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis na Balcáin Thiar. Lean an Albáin de Straitéis Idirearnála um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha a chur chun feidhme le haghaidh 2021-2027 agus dá Plean Gníomhaíochta gaolmhar le haghaidh 2021-2023. I mí na Bealtaine 2024, ghlac an Albáin Straitéis Náisiúnta nua maidir leis an Imirce 2024-2030 agus a Plean Gníomhaíochta gaolmhar 2024-2026. Diríodh san obair ar na tionscnaimh sin ar chumais bainistithe imirce agus ar chomhar idirinstiúideach agus idirnáisiúnta a mhéadú, agus tá 6 thionscadal á gcur i gcrích sa réimse sin.

Maidir leis an imirce agus bainistiú teorainneacha, tá Oibríochtaí Comhpháirteacha á ndéanamh leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex). Shínigh an Albáin Comhaontú Stádais nua an 15 Meán Fómhair 2023 a tháinig i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2024 agus lenar ceadaíodh d'oifigh nua de bhuanachóir an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a bheith á n-imscaradh ag Frontex ag teorainneacha na hAlbáine le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad sa bhreis ar an imscaradh a bhí ann cheana ó 2019 agus 2021 ag teorainn talún na hAlbáine leis an nGréig agus ag an teorainn mhuirí leis an Iodáil. Ar an iomlán, thuairiscigh na Ballstáit dlúthchomhar leis an Albáin. Tá Oifigeach Idirchaidrimh Frontex lonnaithe i dTiorána a bhfuil sainordú réigiúnach aige lena gcumhdaítear an Albáin, an Chosaiv agus an Mhacadóin Thuaidh.

I réimse an athligeran isteach, lean an Albáin den Chomhaontú um Athligeran Isteach idir an tAontas agus an Albáin a chur chun feidhme chomh maith le comhaontuithe déthaobhacha um athligeran isteach. Próiseáladh 407 n-iarraidh ar shaoránaigh Albánacha ó Bhallstáit an Aontais a athligeran isteach (i.e., 33 iarraidh níos mó ná in 2022). Ar an iomlán, tuairiscítear gur chomhoibrigh an Albáin go sásúil leis na Ballstáit maidir le hathligeran isteach. Níor thuairiscigh ach dhá Bhallstát go bhféadfadh sé go mbeadh gá le hiarrachtaí breise chun dlús a chur leis an leibhéal comhair, cé go bhfuil méadú tagtha ar na hiarrachtaí maidir le filleadh.

In 2023, níor éiligh na Ballstáit aon chúnamh breise ó Frontex maidir le doiciméid taistil a shainaitheint agus a fháil do náisiúnaigh thiomhdithe de chuid na hAlbáine. In 2024, tar éis iarraidh Frontex ar na Balcáin Thiar páirt a ghlacadh i gcrúinnithe na Meithle um Thíortha atá á mbainistiú ag Frontex mar bhreathnóirí, tugadh stádas breathnóra don Albáin sa Mheitheal um Thíortha i ndáil leis an Ailgéir, an Bhanglaidéis, Maracó agus an tSomáil.

Lean an Albáin dá comhar le EUAA. I mí Dheireadh Fómhair 2024, d'fhormhuinigh Aire na hAlbáine an dara Treochlár lena gcruthaítear an comhar sin agus lena gcumhdaítear an tréimhse 2024-2027.

4. Gníomhaíochtaí a rinneadh ar iarratais gan bhunús ar thearmann

Rinne an Albáin obair leantach ar na bearta a glacadh in 2022 agus a luaitear sa 6ú tuarascáil faoin sásra fionraíochta víosaí. Tar éis Plean Gníomhaíochta Idirinstitiúideach a ghlacadh in 2022 dar teideal *On the Prevention of the Asylum-Seeking Phenomenon of Albanian Citizens in the Schengen/EU countries* [Maidir le Feiniméan Iarrachta Tearmainn Shaoránaigh na hAlbáine a Chosc i dtíortha Schengen/an Aontais], in 2023 thosaigh an Albáin á chur chun feidhme, ag tógáil ar an taithí dhearfach a fuarthas roimhe seo maidir le haghaidh a thabhairt ar an bhfeiniméan. Lean an Albáin freisin den phlean gníomhaíochta déthaobhach tiomnaithe a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist iarrthóirí tearmainn na hAlbáine sa Fhrainc. Lean an Albáin freisin de sheiceálacha a neartú ar shaoránaigh na hAlbáine a thrasnaíonn a dteorainneacha náisiúnta chun taisteal chuig limistéar Schengen. Mar chuid de na hiarrachtaí sin, díriodh go sonrach ar sheiceálacha ar mhionaoisigh a bhí ag taisteal thar lear, lena n-áirítear dearbhuithe a rinneadh nótaireacht orthu ó mhionaoisigh ag an teorainn.

Lean an Albáin freisin den phlean gníomhaíochta a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na mionaoiseach neamhthionlactha ón Albáin san Iodáil.

Chuaigh póilíní teorann agus imirce na hAlbáine i mbun dianchomhair agus malartú faisnéise lena gcomhghleacaithe sa réigiún freisin chun dul i ngleic le feiniméan na nAlbánach a bhíonn ag taisteal trí thíortha comharsanachta chun tearmann a lorg san Aontas agus, dá bhrí sin, go mbíonn fíoruithe mionsonraithe a fhorchuirtear ar shaoránaigh na hAlbáine agus iad ag taisteal ón Albáin á seachaint acu.

5. Saoránacht trí infheistíocht

Sa séú tuarascáil faoin sásra fionraíochta víosaí, tuairiscíodh gur fhógair an Albáin in 2023 a cinneadh an tionscnamh a bhaineann le bunú scéime saoránachta d'infheisteoirí a chur ar fionraí. Go deimhin, níor bhunaigh an Albáin scéim saoránachta d'infheisteoirí agus níor thuairiscigh an Albáin aon fhorbairt nua maidir leis an ábhar sin. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar an tsaincheist sin.

6. Comhar maidir le slándáil

In 2023, ghlac an Albáin páirt i 20 foireann chomhpháirteach imscrúdaithe, atá dírithe ar chatagóirí éagsúla coireachta eagraithe a chomhrac, go príomha gáinneáil ar dhrugaí, sciúradh airgid agus coireanna ríomhbhunaithe. Go ginearálta, tá leibhéal maith comhair curtha ar fáil ag an Albáin leis na tíortha uile lena mbaineann. Sa chomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe, tá tábhacht ar leith tugtha ag an Albáin don chomhar le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí an Aontais, don chomhar le struchtúir chontrapháirte a neartú agus a mhéadú ar an leibhéal réigiúnach agus idirnáisiúnta. Is éard a bhí i gceist leis an gcomhar sin faisnéis phóilíneachta a mhalartú i réimsí an imscrúdaithe ar chionta coiriúla as támhshuanaigh, gáinneáil neamhdhleathach, sciúradh airgid, coireacht eacnamaíoch agus airgeadais, coireacht ríomhairí agus coireanna tromchúiseacha, inar malartaíodh an fhaisnéis go príomha trí chainéil Interpol, Europol, agus Lónra CARIN. Tá an dara hoifigeach idirchaidrimh seolta ag an Albáin chuig Europol in 2023.

In 2023, chuir Póilíní Stáit na hAlbáine dlús le malartú faisnéise trí líon na dteachtaireachtaí ó SIENA a roinntear le comhpháirtithe idirnáisiúnta a mhéadú.

Is í an Albáin an tríú tír is gníomhaí i gcónaí atá rannpháirteach in EMPACT. Tá Póilíní Stáit na hAlbáine ina gcomhcheannaire ar an nGníomhaíocht Oibriúcháin ‘Tascfhórsa maidir le smuigleáil imirceach sna Balcáin Thiar’. Le linn na tréimhse tuairiscithe, ghlac Póilíní Stáit na hAlbáine páirt i sé Lá Comhghníomhaíochta (JADanna) maidir le smuigleáil imirceach, gáinneáil ar dhaoine agus gáinneáil ar airm. Tháinig torthaí dearfacha as na hoibríochtaí agus na malartuithe faisnéise sin le comhpháirtithe maidir le déantóirí na coire a urghabháil agus a ghabháil. Tuairiscíodh torthaí uile na laethanta comhghníomhaíochta do Europol.

Rinneadh comhar le CEPOL faoi chuimsiú Chomhpháirtíocht na mBalcán Thiar i gcoinne na Coireachta agus na Sceimhlitheoireachta (PCC na mBalcán Thiar). Le linn 2023, 52 fostaí de chuid Phóilíní Stáit na hAlbáine ó Roinn na bPóilíní Coireachta, ón Roinn Teorann agus Imirce, agus ón Stiúrthóireacht Frithsceimhlitheoireachta, ghlac siad páirt i ngníomhaíochtaí CEPOL faoin tionscadal sin.

D’éirigh leis an Albáin na bearta dá bhforáiltear sa Phlean Comhpháirteach Gníomhaíochta maidir leis an bhFrithsceimhlitheoireacht a chur chun feidhme faoina cúig chuspóir. Cuireadh an chéad tuarascáil 6 mhí le haghaidh 2023 maidir leis an gcur chun feidhme faoi bhráid an Choimisiúin i mí Dheireadh Fómhair 2023.

Lean an Albáin dá comhar le EUDA bunaithe ar shocrú oibre 2019 agus i gcomhthéacs thionscadal IPA8 freisin.

7. Moltaí

Tá gníomhaíocht déanta ag an Albáin chun aghaidh a thabhairt ar fhormhór na moltaí a rinne an Coimisiún roimhe sin. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh dul chun cinn, agus is gá aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo a leanas:

- a) Beartas víosaí na hAlbáine a ailíniú le liosta an Aontais de na tíortha lena mbaineann ceanglas víosa. Go dtí go ndéanfar ailíniú iomlán, ba cheart scagadh níos déine ar náisiúnaigh tríú tír atá ag teacht isteach gan víosa, go háirithe iad siúd ó thíortha a bhfuil rioscaí slándála nó imirce neamhrialta ag baint leo, a thabhairt isteach trí thionscnaimh oibríochtúla agus/nó riaracháin (e.g. ag pointí trasnaithe teorann) nó trí reachtaíocht náisiúnta mar bheart sealadach íosta a bhfuil coinne leis ón Albáin.
- b) Leanúint de thionscnaimh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na n-iarratas gan bhunús ar thearmann san Aontas agus na tionscnaimh sin a neartú, go háirithe maidir le mionaoisigh neamhthionlactha.

AN BHOISNIA AGUS AN HEIRSEAGAIVÉIN

1. Ailíniú an bheartais víosaí

Tá córas taistil gan víosa ag an mBoisnia agus an Heirseagaivéin le seacht dtír atá ar liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas víosa: An Asarbaiseáin, Catar, Cuáit, an tSín, an Rúis, an Araib Shádach (séasúrach) agus an Tuirc.

Chun tuilleadh ailínithe a dhéanamh le beartas víosaí an Aontais, i mí Mheán Fómhair 2023 thug an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin ceanglas víosa isteach do shaoránaigh Bhairéin agus, i mí an Mhárta 2024, do shaoránaigh Óman, rud a laghdaigh a liosta de chórais taistil gan víosa nach bhfuil i gcomhréir le beartas víosaí an Aontais. Mar sin féin, rinne an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin athnuachan freisin ar a córas taistil séasúrach 3 mhí gan víosa, ó mhí an Mheithimh go mí Mheán Fómhair 2024, ar feadh 30 lá ar a mhéad, do shaoránaigh na hAraibe Sádaí.


Toisc nach bhfuil beartas víosaí na Boisnia agus na Heirseagaivéine ailínithe le beartas víosaí an Aontais, tá baol níos mó ann go mbeidh imirce neamhrialta ann chuig an Aontas trí bhealach na mBalcán Thiar. Tá coinne leis ag an gCoimisiún go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn maidir le hailíniú beartais víosaí ón mBoisnia agus ón Heirseagaivéin agus go dtabharfar gealltanais dhochta i gcomhthéacs Chlár Oibre na Boisnia agus na Heirseagaivéine don Athchóiriú faoin bPlean Fáis. Go dtí go ndéanfar ailíniú iomlán, is beart íosta sealadach riachtanach é scagadh níos déine a dhéanamh ar náisiúnaigh tríú tír atá ag teacht isteach gan víosa, go háirithe iad siúd ó thíortha lena mbaineann rioscaí slándála nó imirce neamhrialta.

2. Faireachán ar threochtaí san imirce neamhrialta, iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, filladh agus athligean isteach

In 2023, chuir náisiúnaigh de chuid na Boisnia agus na Heirseagaivéine 1 620 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta isteach sna Ballstáit, 28 % níos lú ná mar a bhí in 2022 (2 245), rud a leanann den treocht dhearfach maidir leis an laghdú ó bhí 2021 ann. Tháinig laghdú ar an ráta aitheantais ó 8 % in 2022 go 6 % in 2023.

In 2023, thuairiscigh na Ballstáit 20 thrasnú teorann neamhrialta arna ndéanamh ag náisiúnaigh de chuid na Boisnia agus na Heirseagaivéine ag teorainneacha seachtracha an Aontais, i gcomparáid le 22 in 2022. In 2023, tháinig méadú 23 % ar an líon náisiúnach de chuid na Boisnia agus na Heirseagaivéine ar cinneadh go raibh siad ag fanacht go neamhrialta sna Ballstáit, agus 3 790 fanacht neamhrialta ann in 2023 i gcomparáid le 4 930 in 2022. Tháinig laghdú nach beag (24 %) ar an líon diúltuithe cead isteach in 2023, ó 5 265 chás in 2022 go 3 985 chás in 2023.

Tháinig laghdú 16 % agus 5 % faoi seach ar an líon cinntí um fhilleadh a eisíodh do náisiúnaigh na Boisnia agus na Heirseagaivéine (2 430 in 2023 in aghaidh 2 885 in 2022) agus ar an líon daoine a filladh (1 210 in 2023 in aghaidh 1 280 in 2022). Lean an ráta fillte de bheith ag méadú ó 44 % in 2022 go 50 % in 2023.



Foinse: Eurostat

3. Comhar maidir le himirce, bainistiú teorainneacha agus athligeran isteach

Tháinig Dlí nua maidir le heachtrannaigh i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2023. Tá a plean gníomhaíochta maidir le himirce agus tearmann 2021-2025 agus a straitéis agus a plean gníomhaíochta maidir le bainistiú comhtháite teorainneacha le haghaidh 2019-2023 á gcur chun feidhme ag an mBoisnia agus an Heirseagaivéin. Bhí straitéis nua maidir le bainistiú comhtháite teorainneacha le haghaidh 2024-2029 ar feitheamh lena glacadh ó lár 2024. Tá dréacht-Dlí maidir le rialú teorann, arb é is aidhm dó ailiniú le *acquis* an Aontais, fós le glacadh ó lár 2024.

Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht idir an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus an Coimisiún Eorpach maidir le Comhaontú Stádais Frontex i mí Feabhra 2024 agus tugadh chun críche é i mí Mheán Fómhair 2024. Ní fada go síneofar an Comhaontú. Leanann oifigeach idirchaidrimh Frontex atá lonnaithe i mBéalgrád de bheith ag cumhdach na Boisnia agus na Heirseagaivéine freisin.

Lean an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin den dlúthchomhar foriomlán maidir le hathligeran isteach bunaithe ar chomhaontú leis an Aontas, ar comhaontú é a chuirtear chun feidhme ar bhealach éifeachtúil a mhéid a bhaineann le formhór na mBallstát. Chuir roinnt Ballstát in iúl nach raibh an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin ag comhoibriú go leordhóthanach maidir le hathligeran isteach in 2023 (cé go raibh feabhas ag teacht air ó 2022), rud a d'fhág gur caitheadh go dearfach le 55 % d'iarrataí.

D'ainneoin laghdú ginearálta ar thrasnuithe teorann neamhrialta chuig an Aontas trí bhealach na mBalcán Thiar, bhí treocht mhéadaitheach ann maidir leis an bhfobhealach ón mBoisnia agus an Heirseagaivéin go dtí an Chróit, agus bhí thart ar 30 % níos mó trasnuithe ann sna chéad 9 mí de 2024 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2023. Sna chéad 9 mí de 2024, taifeadadh beagnach 90 % de na trasnuithe teorann neamhrialta ar bhealach na mBalcán Thiar feadh na teorann sin. Tar éis dhúnadh an fhobhealaigh ón tSeirbia go dtí an Ungáir, d'athlonnadh líonraí coiriúla a n-oibríochtaí chuig an bhfobhealach ón mBoisnia agus an Heirseagaivéin go dtí an Chróit.

Tháinig méadú 25 % ar an líon imirceach neamhrialta a rinne údaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine a idircheapadh in 2023 i gcomparáid le 2022. Ba iad saoránaigh na hAfganastáine, Mharacó, na Siria, na Pacastáine, na Tuirce (lena n-áirítear iad siúd a úsáideann an fhéidearthacht taisteal go dtí an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin gan víosa), na Banglaidéise agus na hIaráine na saoránaigh ba líonmhaire.

Is í an Chróit, an t-aon Bhallstát a bhfuil teorainn aici leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, atá thíos go háirithe le himircigh neamhrialta. Comhoibríonn an Chróit go dian maidir le bainistiú

teorainneacha leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, lena n-áirítear trí phatróil chomhpháirteacha. Glacann an dá thír páirt freisin i dTascfhórsa ZeBRA a fhaigheann tacaíocht ó Europol, a dhíríonn ar ghrúpaí coireachta eagraithe a bhfuil baint acu le smuigleáil imirceach. Thug Ballstáit eile an Aontais tacaíocht freisin don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin maidir le bainistiú imirce agus teorainneacha, lena n-áirítear oiliúint (e.g. maidir le húsáid na bithmhéadrachta) agus saineolas teicniúil chun córas Réamhaisnéise faoi Phaisinéirí agus Taifead Ainmneacha Paisinéirí (API/PNR) a bhunú amach anseo agus bunachar sonraí doiciméad chun feabhas a chur ar bhrath doiciméad falsaithe nó brionnaithe (atá idir lámha araon).

Lean an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin den chomhar tairbheach le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), cé nár glacadh treochlár don tréimhse 2024-2025 go fóill.

4. Comhar maidir le slándáil

Lean an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin dá comhar le Europol. I mí an Mheithimh 2023, cuireadh an pointe teagmhála i bhfeidhm agus i mí Iúil imscaradh oifigeach idirchaidrimh sa Háig. Is céim thábhachtach í seo. Tá méadú tagtha ar an úsáid a bhaineann an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin as táirgí agus seirbhísí Europol ó shin, le dianmhalartú faisnéise trí chóras cumarsáide SIENA, go príomha maidir leis an gcomhrac in aghaidh na gáinneála ar dhruaí, coireanna airgeadais, an choireacht eagraithe a chomhrac, smuigleáil imirceach agus an sceimhlitheoireacht a chosc. Mhéadaigh an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin a rannpháirtíocht in EMPACT, le 12 ghníomhaíocht oibriúcháin in 2023. Tugadh faoi dhianchomhar maidir leis an gcomhrac in aghaidh na gáinneála ar airm agus muinisin trí thosaíocht EMPACT maidir le hairm thine. Leanadh den chomhar le Ballstáit an Aontais trí Interpol freisin.

Lean an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin dá straitéis frithsceimhlitheoireachta le haghaidh 2021-2026 a chur chun feidhme; glacadh pleananna gníomhaíochta ar gach leibhéal rialtais in 2023. Rinneadh dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an tsocraithe dhéthaobhaigh leis an Aontas faoi chuimsiú an Phlean Chomhpháirtigh Gníomhaíochta maidir leis an bhFrithsceimhlitheoireacht.

Tá straitéis in aghaidh na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh i bhfeidhm ó mhí na Samhna 2022, agus glacadh pleananna gníomhaíochta in 2023. I mí Feabhra 2024, ghlac an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin Dlí maidir le Frithsciúradh Airgid agus Maoiniú Frithsceimhlitheoireachta (AML/CTF), lena bhfeabhsaítear forálacha maidir le measúnú riosca agus lena bhforáiltear do bhuanchomhlacht comhordúcháin, arb é is aidhm dó ailíniú le *acquis* an Aontais, chomh maith le measúnú riosca le haghaidh AML/CFT maidir le sócmhainní fíorúla agus plean gníomhaíochta le haghaidh 2024-2027.

Lean an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin dá comhar le EUDA i gcomhthéacs thionscadal IPA8.

5. Moltaí

Tá beart áirithe déanta ag an mBoisnia agus an Heirseagaivéin chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí roimhe sin ón gCoimisiún. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh dul chun cinn, agus is gá aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo a leanas:

- a) Beartas víosaí na Boisnia agus na Heirseagaivéine a ailíniú le liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas víosa. Go dtí go ndéanfar ailíniú iomlán, ba cheart bearta slándála breise a thabhairt isteach, lena n-áirítear scagadh níos déine ar náisiúnaigh tríú tír atá ag teacht isteach gan víosa, go háirithe iad siúd ó thíortha a bhfuil rioscaí slándála nó imirce neamhrialta ag baint leo, trí thionscnaimh oibríochtúla agus/nó riaracháin (e.g. ag pointí trasnaithe teorann) nó trí

reachtaíocht náisiúnta mar bheart sealadach íosta a bhfuil coinne leis ón mBoisnia agus ón Heirseagaivéin.

- b) Comhaontú stádais Frontex leis an Aontas a shíniú agus a dhaingniú go tapa.
- c) Feabhas a chur ar chomhordú an bhainistithe teorainneacha, aghaidh a thabhairt go práinneach ar shaincheist na dtrasnuithe teorann neamhrialta ar an bhfobhealach a théann tríd an mBoisnia agus an Heirseagaivéin.

POBLAChT NA MOLDÓIVE

1. Ailíniú víosaí

Tá córas taistil gan víosa ag an Moldóiv le 11 thír atá ar liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas víosa: an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, an Chasacstáin, Catar, an Chirgeastáin, Cúba, an Rúis, an Táidsíceastáin, an Tuirc agus an Úisbéiceastáin.

Ní dhearnadh aon dul chun cinn i dtreo tuilleadh ailínithe le beartas víosaí an Aontais in 2023, ach i mí Aibreáin 2024 foirceannadh an Comhaontú idir an Mholdóiv agus Eacuadór maidir le córas taistil gan víosa. Ina rannchuidiú le hullmhú na tuarascála seo, dhearbhaigh an Mholdóiv go ndéanfaidh sí a beartas víosaí a ailíniú go hiomlán le beartas víosaí an Aontais faoi dháta an aontachais.


Tá coinne leis ag an gCoimisiún go ndéanfaidh an Mholdóiv tuilleadh dul chun cinn maidir le hailíniú an bheartais víosaí. Go dtí go ndéanfar ailíniú iomlán, bheadh coinne leis go ndéanfaí scagadh níos déine ar náisiúnaigh tríú tír atá ag teacht isteach gan víosa, go háirithe iad siúd ó thíortha a bhfuil rioscaí slándála nó imirce neamhrialta ag baint leo, mar bheart sealadach íosta ón Moldóiv.

2. Faireachán ar threochtaí san imirce neamhrialta, iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, fillleadh agus athligeran isteach

Tháinig laghdú 29 % ar an líon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ó náisiúnaigh de chuid na Moldóive sna Ballstáit idir 2022 agus 2023, agus taisceadh 8 385 iarratas in 2022 i gcomparáid le 5 945 iarratas in 2023. Bhí an ráta aitheantais cothrom le 3 % in 2023, i gcomparáid le 2 % in 2022.

In 2023, d'fhan iarrachtaí ó náisiúnaigh de chuid na Moldóive chun teorainneacha seachtracha an Aontais a thrasnú go neamhrialta íseal (20), (29 in 2022). An líon náisiúnach de chuid na Moldóive ar cinneadh go raibh siad ag fanacht go neamhrialta tháinig laghdú air ó 45 835 in 202 go 40 170 in 2023 (méadú 12 %). In 2023, bhí an líon náisiúnach de chuid na Moldóive ar diúltaíodh cead isteach dóibh sna Ballstáit cothrom le 9 805, rud atá 26 % níos mó ná in 2022 (7 785).

In 2023, bhí an líon orduithe um fhilleadh a eisíodh chuig náisiúnaigh de chuid na Moldóive fós cobhsaí (9 120 in 2023 i gcomparáid le 9 125 in 2022), agus tháinig méadú 37.5 % ar an líon filltí (3 610 in 2023 i gcomparáid le 2 725 in 2022), rud a rannchuidigh leis an ráta fillte níos airde 40 % in 2023 i gcomparáid le 29 % in 2022.



Foinse: Eurostat

3. Comhar maidir le himirce, bainistiú teorainneacha agus athlighean isteach

Lean an Mholdóiv den chomhar idirnáisiúnta a chothú maidir leis an gcoireacht trasteorann a chomhrac faoi chuimsiú EMPACT. Lean an Mholdóiv den dlúthchomhar le gníomhaithe éagsúla de chuid an Aontais – Frontex, Europol, CEPOL, EUDA agus Misean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh chuig an Moldóiv agus chuig an Úcráin (EUBAM) – lena n-áirítear trí Mhol Tacaíochta an Aontais don tSlándáil Inmheánach agus don Bhainistiú Teorainneacha sa Mholdóiv.

Maidir le bainistiú teorainneacha, in 2023 lean an Mholdóiv den chomhar feabhsaithe le Frontex ar bhonn an Chomhaontaithe Stádais ó mhí an Mhárta 2022, lena gcuirtear ar a cumas don ghníomhaireacht oifigigh de bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a bhfuil cumhachtaí feidhmiúcháin acu a imscaradh. I measc na dtorthaí praiticiúla bhí Oibríochtaí Comhpháirteacha (JO) na Moldóive 2023 (críochnaithe) agus 2024 (ar siúl), ag an teorainn aeir (Aerfort Chísineá) agus ag na teorainneacha talún leis an Rómáin agus leis an Úcráin. Is é an chéad Chomhaontú Stádais é agus an chéad oibríocht chomhpháirteach ag a bhfuil cumhachtaí feidhmiúcháin i dtír de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir. Déantar faisnéis a mhalartú agus a chomhroinnt go tráthrialta trí Líonra Chomhpháirtíocht an Oirthir le haghaidh Anailís Riosca (EaP-RAN), ardán réigiúnach faoi stiúir Frontex. Ina theannta sin, imscaradh deichniúr breathnóirí ón Moldóiv ar feadh tréimhsí fada chuig aerfoirt roghnaithe san Aontas. Cuireadh tionscnaimh a bhaineann le fothú acmhainneachta IBM i bhfeidhm idir an Mholdóiv agus Frontex bunaithe ar an bPlean Comhair déthaobhach le haghaidh 2022-2024.

Ó mhí Iúil 2022, rinneadh Oifigeach Idirchaidrimh Frontex chuig tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, a raibh sé beartaithe ar dtús é a bheith lonnaithe i gCív, a imlonnú go sealadach chuig Císineá ina ionad sin.

Leanadh den chomhar le Ballstáit an Aontais ar bhonn déthaobhach freisin, lena n-áirítear gníomhairí póilíneachta teorann na Moldóive a imlonnú in aerfort de chuid Ballstáit den Aontas agus ar theorainn sheachtrach talún Ballstáit eile den Aontas, oiliúint, saineolas teicniúil agus soláthar cainníochtaí suntasacha trealamh theicniúil arna gcur chun feidhme trí thionscadail arna gcistiú ag an Aontas.

In 2023, rinneadh EUR 4 mhilliún a ath-leithdháileadh ar údarais náisiúnta faoi thionscadal arna chistiú ag an Aontas lena dtugtar aghaidh ar thionchar na géarchéime easáitithe, chun na hacmhainneachtaí áitiúla bainistithe teorainneacha a neartú trí threalamh, bonneagar agus oiliúint ábhartha a sholáthar.

Mheas Frontex agus go leor Ballstát araon go raibh comhar den scoth ar bun ag an Mholdóiv maidir le hathlighean isteach agus filleadh. Seachadadh doiciméid taistil go tapa agus go héifeachtúil; Thairg údarais na Moldóive comhar iomlán éifeachtach freisin le hoibríochtaí um fhilleadh, lena n-áirítear trí chairteitiltí. I mí na Samhna 2023, fuair tionlacaithe ón Moldóiv oiliúint maidir leis an Oibríocht Bailithe Filleadh chun cur ar a gcumas páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht oibríúcháin sin ó 2024 ar aghaidh.

4. Comhar maidir le slándáil

I réimse na slándála, in 2023 bhí ar an Moldóiv, den dara bliain as a chéile, aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí iarmharta chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, chomh maith le méadú ar an gcogaíocht hibrideach, ar ionsaithe cibearshlándála agus ar chineálacha éagsúla coireachta trasteorann. In 2024, lean an Mholdóiv d'aghaidh a thabhairt ar chur isteach eachtrach nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ón Rúis agus óna seach-ionadaithe, go háirithe i gcomhthéacs thoghcháin uachtaránachta 2024 agus an reifrinn maidir le haontachas leis an Aontas.

Le linn 2023, leanadh den chomhar idir an tAontas agus an Mholdóiv maidir leis an tslándáil a threisiú. Gné amháin den chomhar sin ba ea Mol na Moldóive - an Aontais don tslándáil inmheánach agus do bhainistiú teorainneacha ('Mol Slándála an Aontais'), a seoladh in 2022. In 2023, thug Mol Slándála an Aontais aghaidh ar na réimsí tosaíochta seo a leanas: an sceimhlitheoireacht agus an t-antaisceachas foréigneach, bagairtí hibrídeacha agus gáinneáil ar dhruaí a chomhrac. I mí na Bealtaine 2023, seoladh CBSC sibhialtach – Misean Comhpháirtíochta an Aontais (EUPM). Is é an sainordú atá aige athléimneacht earnáil slándála na Moldóive a fheabhsú i réimsí an bhainistithe géarchéime agus na mbagairtí hibrídeacha. Chomh maith le comhairle agus oiliúint, tá Cill Tionscadail ag an Misean a chuireann tacaíocht oibríochtúil spriocdhírthe ar fáil.

Leanadh den chomhar le Europol agus moltar don Mholdóiv leas breise a bhaint as na huirlisí atá ann cheana. Imscartar oifigeach idirchaidrimh ón Moldóiv i gceanncheathrú Europol agus, ó mhí an Mhárta 2023, imscartar oifigigh roghnaithe de chuid Europol sa Mholdóiv chun tacaíocht oibríochtúil a sholáthar agus dea-chleachtais a mhalartú, go háirithe i réimse na coireachta eagraithe trasteorann. Rinneadh gníomhaíochtaí oibríochtúla in aghaidh airm thine, drugaí agus gáinneáil ar dhaoine le Europol, faoi EMPACT agus faoi Mhol Slándála an Aontais. Bhain an Mholdóiv úsáid as modheolaíocht Europol le haghaidh an Mheasúnaithe ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí agus Eagraithe (SOCTA) chun measúnuithe náisiúnta ar bhagairtí coireachta tromchúisí agus eagraithe a chruthú sna blianta 2022-23. Cuireadh dlús leis an malartú faisnéise le Europol in 2023. Tá Pleananna Gníomhaíochta Oibriúcháin EMPACT le haghaidh 2024 – 2025 á bhfeidhmiú ag an Moldóiv faoi láthair.

Idir mí an Mhárta 2023 agus mí an Mhárta 2024, rinne cúig Fhoireann Chomhphárteacha um Imscrúdú ina raibh pearsanra ón Moldóiv agus ó Bhallstáit an Aontais, le rannpháirtíocht Eurojust, gníomhaíochtaí oibriúcháin sa Mholdóiv agus i mBallstáit an Aontais lena mbaineann araon. I mí Iúil 2023, cheap an Mholdóiv Ionchúisitheoir Idirchaidrimh ag Eurojust ar feadh tréimhse 6 mhí agus cuireadh síneadh leis ina dhiaidh sin go dtí an 31 Iúil 2024.

In 2023, bhí malartú faisnéise an-dian ag an Moldóiv le Interpol. Rinne an ghníomhaireacht go leor clár oiliúna do phearsanra póilíneachta na Moldóive freisin.

Leanadh den chomhar ar bhonn déthaobhach le Ballstáit an Aontais. Áiríodh ar an gcúnamh a tairgeadh don Mholdóiv oiliúint i bhforfheidhmiú an dlí, saineolas teicniúil, comhroinnt eolais agus seachadadh bogearraí speisialaithe. Chomhoibrigh trí Bhallstát de chuid an Aontais leis an Moldóiv mar chuid de chomhar Lárionad Forfheidhmithe Dlí Oirdheisceart na hEorpa (SELEC), agus rinne gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus slándála go leor gníomhaíochtaí/imscrúduithe comhphárteacha.

I réimse an chomhraic in aghaidh an éillithe, tháinig dlí nua maidir le cosaint sceithirí i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus i mí na Nollag 2023 ghlac an Mholdóiv an Clár Náisiúnta Sláine agus in aghaidh an Éillithe le haghaidh 2024 – 2028.

Lean an Mholdóiv dá comhar le EUDA bunaithe ar Mheabhrán Tuisceana 2012 agus i gcomhthéacs thionscadal EU4MD II.

5. Moltaí

Tá gníomhaíocht déanta ag an Moldóiv chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí a rinne an Coimisiún roimhe seo. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh dul chun cinn, agus is gá aghaidh a thabhairt ar na saincheistean seo a leanas:

- a) Beartas víosaí na Moldóive a ailíniú le liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas víosa, go háirithe maidir leis na tíortha a bhfuil rioscaí imirce neamhrialta nó slándála ag baint leo le haghaidh an Aontais.
- b) Leanúint de na hiarrachtaí chun an choireacht eagraithe a chomhrac, agus aird ar leith á tabhairt ar dhul i ngleic le smuigleáil arm tine agus drugaí, gáinneáil ar dhaoine agus gnéithe airgeadais na coireachta eagraithe a chomhrac.

MONTAINÉAGRÓ

1. Ailíniú an bheartais víosaí

Tá córas taistil gan víosa ag Montainéagró le 11 thír atá ar liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas, a bhfuil díolúine víosa buan ag seacht ceann díobh (an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, Catar, Cuáit, an Rúis⁺⁺⁺⁺⁺, an tSín⁺⁺⁺⁺⁺, an Tuirc) agus a bhfuil tarscaoileadh víosa séasúrach ag ceithre cinn díobh chun teacht isteach i Montainéagró ar chúiseanna turasóireachta idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair (an Airméin, an Araib Shádach, an Chasacstáin, an Éigipt).

Tarscaoiltí séasúracha víosaí, a tugadh isteach i mí Aibreáin 2023 leis an Airméin, leis an Éigipt, leis an gCasacstáin, leis an Araib Shádach agus leis an Úisbéiceastáin, scoir siad d'éifeacht a bheith acu an 31 Deireadh Fómhair 2023. Rinneadh gach rud seachas an Úisbéiceastáin a athnuachan in 2024 agus tá feidhm acu ón 1 Bealtaine go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024. Ceadáíonn na tarscaoiltí víosa séasúracha do shaoránaigh na gceithre thír thuasluaite dul isteach i Montainéagró gan víosa ar feadh 30 lá faoi choinníollacha áirithe. Ina theannta sin, tugadh isteach tarscaoileadh víosa séasúrach ar feadh uastréimhse 10 lá freisin i gcás náisiúnaigh tríú tír áirithe a raibh cead cónaithe de chuid Aontas na nÉimíriochtaí Arabacha ina seilbh acu ar feadh 3 bliana ar a laghad roimhe sin.

Toisc nach bhfuil beartas víosaí Mhontainéagró ailínithe le beartas víosaí an Aontais, tá baol níos mó ann go mbeidh imirce neamhrialta ann chuig an Aontas trí bhealach na mBalcán Thiar. Tá coinne leis ag an gCoimisiún go ndéanfaidh Montainéagró tuilleadh dul chun cinn maidir le hailíniú an bheartais víosaí. Mar chuid dá Chlár Oibre don Athchóiriú faoin bPlean Fáis, gheall Montainéagró tuilleadh ailínithe a dhéanamh le liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas víosa, idir-inoibritheacht a bhaint amach idir a chórais agus a bhunachair sonraí a úsáidtear sa chóras formheasa víosaí atá ann faoi láthair, tosú ag obair ar shonraí bithmhéadracha a bhailiú chomh maith le bearta slándála breise a thabhairt isteach chun scagadh a dhéanamh ar theacht isteach náisiúnach tríú tír gan víosa.

Go dtí go ndéanfar ailíniú iomlán, bheadh coinne leis go ndéanfaí scagadh níos déine ar náisiúnaigh tríú tír atá ag teacht isteach gan víosa, go háirithe iad siúd ó thíortha lena mbaineann rioscaí slándála nó imirce neamhrialta, mar bheart sealadach íosta ó Mhontainéagró.

2. Faireachán ar threochtaí san imirce neamhrialta, iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, filleadh agus athligeran isteach

Tháinig laghdú 11 % ar an líon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a thaisc náisiúnaigh de chuid Mhontainéagró sna Ballstáit idir 2022 agus 2023, agus taisceadh 375 iarratas in 2023 i gcomparáid le 420 iarratas in 2022. Lean an ráta aitheantais 3 % in 2023 de bheith cobhsaí i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (4 %).


Thuairiscigh na Ballstáit ceithre thrasnú teorann neamhrialta in 2023 a rinne náisiúnaigh Mhontainéagró i gcomparáid le ceann amháin in 2022. Tháinig laghdú 12 % ar an líon náisiúnach de chuid Mhontainéagró ar cinneadh go raibh siad ag fanacht go neamhrialta in 2023 (ó 1 100 in 2022 go

+++++ Féadfaidh náisiúnaigh na Bealarúise agus na Rúise fanacht i Montainéagró suas le 30 lá, agus doiciméad taistil bailí arna eisiúint ag na tíortha sin.

+++++ Féadfaidh náisiúnaigh na Síne a bhfuil doiciméad taistil bailí acu fanacht i Montainéagró suas le 30 lá, mar ghrúpa turasóireachta eagraithe a théann isteach i Montainéagró le chéile, a fhanann ann agus a fhágann Montainéagró, ar choinníoll go bhfuil cruthúnas acu ar shocrú turasóireachta íoctha agus cruthúnas gur soláthraíodh filleadh ar an tír thionscnaimh nó ar an tír idirthurais.

970 in 2023). In 2023, tháinig laghdú 29.5 % ar an líon diúltuithe cead isteach le haghaidh náisiúnaigh Mhontainéagró sna Ballstáit (370 diúltú in 2023 i gcomparáid le 525 in 2022).

Tháinig laghdú 7 % ar an líon cinntí um fhilleadh a eisíodh do náisiúnaigh na tíre (425 in 2023 in aghaidh 465 in 2022), agus bhain titim 26 % leis an líon daoine a filladh (215 in 2023 in aghaidh 290 in 2022). Tháinig laghdú ar an ráta fillte faoi seach ó 62 % in 2022 go 51 % in 2023, rud a d'aisiompáigh treocht dhearfach na mblianta roimhe sin.



Foinse: Eurostat

3. Comhar maidir le himirce, bainistiú teorainneacha agus athligeran isteach

Chomhoibrigh Montainéagró leis an Aontas ar bhealach sásúil maidir le hathligeran isteach. Níor tuairiscíodh aon saincheist in 2023 agus níor chuir na Ballstáit aon iarraidh isteach i ndáil le doiciméid taistil a shainaithint agus a fháil, ós rud é go meastar go bhfuil forálacha ábhartha sa Chomhaontú um Athligeran Isteach idir an tAontas agus Montainéagró curtha chun feidhme ar bhealach éifeachtúil go dtí seo agus nach bhfuil aon chúnamh breise ag teastáil ó Frontex maidir leis an ngné sin.

Tar éis sheoladh ghlaio bliantúil Frontex ar institiúidí comhpháirtíochta na mBalcán Thiar páirt a ghlacadh i gcrúinnithe na Meithle um Thíortha atá á mbainistiú ag Frontex^{§§§§§§§§} mar bhreathnóirí, tugadh stádas breathnóra do Mhontainéagró do Mheitheal na hAilgéire, na Banglaidéise, Mharacó agus na hIaráice.

Tuairiscítear dlúthchomhar maidir le hathligeran isteach le tríú tíortha sna Balcáin Thiar freisin. Níl comhaontuithe um athligeran isteach ag Montainéagró faoi láthair le haon cheann de phríomhthíortha tionscnaimh na n-imirceach, d'ainneoin na n-iarrachtaí for-rochtana a rinneadh le déanaí.

A mhéid a bhaineann le comhar le Frontex, i mí na Bealtaine 2023, síníodh Comhaontú Stádais nua idir Montainéagró agus an tAontas Eorpach maidir le gníomhaíochtaí oibriúcháin arna ndéanamh ag Frontex. Leis an gcomhaontú, bítear in ann oibríochtaí comhpháirteacha a eagrú agus foirne bainistithe teorainneacha Frontex a imscaradh i Montainéagró. Áirítear leis sin gníomhaíochtaí oibriúcháin a dhéanamh ag aon trasnú teorann agus áit ar bith i gcíoch Mhontainéagró (ní hamháin ag teorainn sheachtrach an Aontais, mar a rinneadh roimhe seo), áit a n-oibríonn oifigigh de bhuanachór an Gharda

§§§§§§§§ Cruinnithe a bhaineann go sonrach le tríú tíortha atá comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit agus atá faoi chathaoirleacht na n-ionadaithe sin (agus a bhfuil Frontex ina chomhchathaoirleach orthu) chun faisnéis a mhalartú i réimse an fhille.

Teorann agus Cósta Eorpaigh in éineacht le póilíní teorann Mhontainéagró chun dualgais rialaithe teorann a chomhlíonadh, agus an fhéidearthacht ann cumhachtaí feidhmiúcháin a fheidhmiú. Tá Socrú Oibre ar bun chun an rialachas le haghaidh úsáid chreat EUROSUR le haghaidh gníomhaíochtaí oibriúcháin a shainiú. Cuireadh tús le cur chun feidhme an Chomhaontaithe nua an 1 Samhain 2023, tríd an Oibríocht Chomhpháirteach leathnaithe ‘Oibríocht Chomhpháirteach Thalamh Mhontainéagró 2023’. Le hOibríocht Chomhpháirteach 2024, cuirtear leis an bhféidearthacht pointí trasnaithe teorann *ad hoc* talún agus farraige a ghníomhachtú i gcomhar le Frontex.

Leis an dea-chomhar le Frontex, neartaíodh tuilleadh acmhainneacht Lárionad Comhordúcháin Mhontainéagró. Rinneadh tuilleadh forbartha ar eagrú inmheánach Lárionad Comhordúcháin Mhontainéagró, agus fuarthas roinnt feithiclí agus bád patróil, rud a mhéadaigh cumas oibriúcháin an Lárionaid.

Lean Montainéagró dá straitéis maidir le bainistiú comhtháite teorainneacha agus dá ‘phlean gníomhaíochta Schengen’ a chur chun feidhme. Leanadh de threalamh bainistithe teorainneacha a uasghrádú de réir a chéile i gcomhréir le ‘plean gníomhaíochta Schengen’.

Lean Montainéagró den chomhar le EUAA faoi chuimsiú Threochlár Comhpháirteach 2021, ar cuireadh lena shaolré go dtí go dtabharfar an chéad cheann eile i gcrích. Rinneadh an measúnú ar riachtanais don dara Treochlár in earrach 2024. Baineadh torthaí nach beag amach cheana féin leis an dianchomhar idir Montainéagró agus EUAA trí chur chun feidhme an Treochláir agus creidtear gur neartaigh sé córas tearmainn Mhontainéagró.

A mhéid a bhaineann le tuilleadh oibre i réimse an tearmainn, tá Montainéagró ag obair chun córas a bhunú chun imircigh a shainaithint agus a chlárú go leictreonach tríd an Tionscadal ‘Beart aonair chun acmhainneacht an bhainistithe chomhtháite teorainneacha i Montainéagró a neartú’, arna mhaoiniú ag an Aontas, agus arna chur chun feidhme ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce.

4. Comhar maidir le slándáil

Lean Montainéagró de bheith ag comhoibriú go gníomhach le Interpol, Europol, CEPOL agus Ballstáit an Aontais. I réimse an chomhair idirnáisiúnta póilíneachta le Europol, le linn 2023, díriodh iarrachtaí ar gháinneáil thrasnáisiúnta ar chócaon, ar ghrúpaí coiriúla eagraithe, lena n-áirítear coireanna tromchúiseacha agus éilliú, a chomhrac. In 2023, ghlac Montainéagró páirt i 54 ghníomhaíocht oibriúcháin thar 10 bPlean Gníomhaíochta Oibriúcháin EMPACT. Leanadh den mhalartú tráthrialta faisnéise le Europol trí SIENA. Tá oifigeach idirchaidrimh as Montainéagró imlonnaithe i gCeanncheathrú Europol ó 2015.

Chun sonraí anailíseacha agus faisnéis anailíseach maidir le líonraí smuigleála a fhorbairt, bunaíodh Grúpa chun Smuigleáil Daoine agus Coireacht Trasteorann a Dhíchur laistigh den Roinn Gnóthaí Faisnéise agus Anailíse Riosca ar na Póilíní Teorann. In 2023, chuir na póilíní teorann tús le gníomhaíochtaí oibríochtúla imscrúdaitheacha, i gcomhar leis na hionchúisitheoirí inniúla agus leis na póilíní coiriúla, rud a d’fhág gur osclaíodh roinnt cásanna nua SIENA a bhí dírithe ar imscrúdú a dhéanamh ar ghrúpaí smuigléirí imirceach a oibríonn trí chríoch Mhontainéagró.

Leanann Montainéagró de bhearta a chur chun feidhme maidir le Socrú Cur Chun Feidhme an Phlean Chomhpháirtigh Gníomhaíochta maidir leis an bhFrithsceimhlitheoireacht do na Balcáin Thiar idir an tAontas agus Montainéagró.

I mí na Samhna 2023, síníodh Socrú Déthaobhach nuashonraithe idir Montainéagró agus an tAontas chun Plean Comhpháirteach Gníomhaíochta chomhpháirtithe na mBalcáin Thiar chun an

sceimhlitheoireacht a chomhrac a chur chun feidhme. Leanann Montainéagró de ghníomhaíochtaí comhpháirteacha a chur chun feidhme i measc chomhpháirtithe aonair na mBalcán Thiar chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac.

Lean Montainéagró dá chomhar le EUDA i gcomhthéacs thionscadal IPA8.

5. Scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí

Mar a tuairiscíodh sa séú tuarascáil faoin sásra fionraíochta víosaí, cuireadh deireadh le scéim saoránachta d'infheisteoirí Mhontainéagró an 31 Nollaig 2022, ach lean údaráis Mhontainéagró d'iarratais ar shaoránacht a cuireadh isteach roimh an dáta foirceanta a phróiseáil.

Phróiseáil Montainéagró 423 iarratas in 2023 (i gcás 423 iarratasóir agus 927 mball teaghlaigh) agus dheonaigh sé saoránacht do 701 dhuine aonair. As na 701 dhuine aonair sin, tá saoránacht Chónaidhm na Rúise ag 396 acu agus saoránacht Dhaon-Phoblacht na Síne ag 65. Deonaíodh saoránacht do dhaoine aonair a bhfuil náisiúntacht tríú tíortha eile ag a bhfuil ceanglas víosa ina seilbh acu (an Afraic Theas, an Tuirc, an Liobáin, an Phacastáin, an India, an Bhealarúis, na hOileáin Philipíneacha, an Indinéis, an Chambóid, an Chasacstáin, an Mhalaeisia, an Nigéir, an Araib Shádach, an Túinéis, an Úisbéiceastáin). Thuairiscigh Montainéagró, i gcás gach duine a gcinntear ina dhiaidh sin gur deonaíodh saoránacht Mhontainéagró dó agus atá ar liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha idirnáisiúnta, go bhfuil an rialtas tiomanta d'imeachtaí a thionscnamh maidir le saoránacht Mhontainéagró a chailleadh trí fhórsa dlí.

Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar aon fhorbairt maidir leis sin go dtí go mbeidh na hiarratais uile atá ar feitheamh próiseáilte.

6. Moltaí

Tá gníomhaíocht déanta ag Montainéagró chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí a rinne an Coimisiún roimhe seo. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh dul chun cinn, agus is gá aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo a leanas:

- a) Beartas víosaí Mhontainéagró a ailíniú le liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas víosa. Go dtí go ndéanfar ailíniú iomlán, ba cheart bearta slándála, lena n-áirítear scagadh níos déine ar náisiúnaigh tríú tír atá ag teacht isteach gan víosa, go háirithe iad siúd ó thíortha a bhfuil rioscaí slándála nó rioscaí imirce neamhrialta ag baint leo, a thabhairt isteach trí thionscnaimh oibríochtúla agus/nó riaracháin (e.g. ag pointí trasnaithe teorann) nó trí reachtaíocht náisiúnta mar bheart sealadach íosta a bhfuil coinne leis ó Mhontainéagró.
- b) A áirithiú go ndéanfar iarratais ar feitheamh faoin scéim saoránachta d'infheisteoirí a foirceannadh le déanaí a scagadh agus a phróiseáil i gcomhréir leis na caighdeáin slándála is airde is féidir agus go gcúlghairfear an tsaoránacht a dheonaítear tríd an scéim sin do dhaoine atá faoi réir bearta sriantacha idirnáisiúnta.

AN MHACADÓIN THUaidh

1. Ailíniú an bheartais víosaí


Níl ach tríú tír amháin ann fós atá saor ó víosa le haghaidh na Macadóine Thuaidh agus a bhfuil ceanglas víosa uirthi le haghaidh an Aontais, i.e. an Tuirc. Níor tháinig aon athrú ar an staid sin i gcomparáid leis an 6^ú tuarascáil faoin sásra fionraíochta víosaí. Coinníodh ar bun in 2024 gach beart eile a rinneadh in 2023 chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le hailíniú an bheartais víosaí. Go háirithe, i mí Eanáir 2023, thug an Mhacadóin Thuaidh ceanglas víosa isteach arís le haghaidh náisiúnaigh na Botsuáine agus Chúba. An cinneadh lenar ceadaíodh go sealadach do náisiúnaigh na hAsarbaiseáine teacht isteach sa Mhacadóin Thuaidh gan víosa, chuaigh sé in éag i mí an Mhárta 2023 agus níor cuireadh síneadh leis.

2. Faireachán ar threochtaí san imirce neamhrialta, iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, filleadh agus athligeran isteach

In 2023, tháinig méadú 2 % ar an líon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta sna Ballstáit ó náisiúnaigh na Macadóine Thuaidh, agus taisceadh 6 855 iarratas in 2023 i gcomparáid le 6 715 in 2022. Ba é 1 % an ráta aitheantais (i gcomparáid le 2 % in 2022).

In 2023, rinneadh 12 dtrasnú teorann neamhrialta arna ndéanamh ag náisiúnaigh de chuid na Macadóine Thuaidh a thuairisciú ar leibhéal an Aontais, in aghaidh 9 in 2022. In 2023, an líon náisiúnach de chuid na Macadóine Thuaidh ar cinneadh go raibh siad ag fanacht go neamhrialta, bhí sé cobhsaí i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus 7 055 fanacht neamhrialta ann in 2023 i gcomparáid le 7 035 in 2022. Tháinig laghdú 19 % ar an líon diúltuithe cead isteach; ó 3 080 in 2022 go 2 495 in 2023.

Chonacthas treocht laghdaitheach den chéad uair anuraidh maidir leis an líon cinntí um fhilleadh a eisíodh do náisiúnaigh na Macadóine Thuaidh (3 015 in 2023 in aghaidh 3 150 in 2022, laghdú 4 %), agus tháinig méadú 20.5 % ar an líon daoine a filleadh (1 965 in 2023 in aghaidh 1 630 in 2022). Thuairiscigh na Ballstáit dea- chomhar maidir le filleadh agus athligeran isteach agus mhéadaigh an ráta fillte in 2023 agus ráta 65 % i leith fillteacha ann i gcomparáid le 52 % in 2022.



Foinse: Eurostat

3. Comhar maidir le himirce, bainistiú teorainneacha agus athligeran isteach

Tar éis Chomhaontú Stádais 2022, tá an comhar maidir le bainistiú teorainneacha idir an Mhacadóin Thuaidh agus Frontex ar ardleibhéal gan athruithe sa tréimhse tuairiscithe (imscaradh oifigigh Frontex

sa Mhacadóin Thuaidh in 2023 tar éis an chomhaontaithe). Tá an comhaontú stádais á chur chun feidhme go rianúil trí ‘Oibríocht Chomhpháirteach na Macadóine Thuaidh’ de chuid Frontex a chur i gcrích. Bíonn rannpháirtíocht tráthrialta freisin in Oibríochtaí Comhpháirteacha eile de chuid Frontex agus i Laethanta Gníomhaíochta Comhpháirtí.

Ar an iomlán, thuairiscigh na Ballstáit dea-chomhar maidir le bainistiú teorainneacha agus athlígian isteach, fiú dá bhféadfaí feabhas a chur ar fheidhmíocht ag teorainneacha talún agus dá bhféadfaí athlígian isteach a fheabhsú i dtéarmaí toraidh agus uainithe de.

In 2023, níor éiligh na Ballstáit aon chúnamh breise ó Frontex maidir le doiciméid taistil a shainaitheint agus a fháil. D’fhéadfadh sé sin a bheith ina léiriú go gcuirtear gnéithe ábhartha den Chomhaontú um Athlígian Isteach idir an tAontas agus an Mhacadóin Thuaidh chun feidhme ar bhealach éifeachtúil. Tar éis sheoladh ghlaio bliantúil Frontex ar institiúidí comhpháirtíochta na mBalcán Thiar páirt a ghlacadh i gcruinnithe na Meithle um Thíortha atá á mbainistiú ag Frontex mar bhreathnóirí, tugadh stádas breathnóra don Mhacadóin Thuaidh do Mheitheal na hAilgéire, na Banglaidéise, Mharacó agus na hIaráice.

Tá an tríú glúin den Treochlár um Chomhar a comhaontaíodh idir EUAA agus an Mhacadóin Thuaidh don tréimhse 2023–2025 i bhfeidhm agus is uirlis thábhachtach i gcónaí é chun an córas tearmainn agus glactha a neartú.

I mí Dheireadh Fómhair 2024, chuaigh an Mhacadóin Thuaidh isteach i nGréasán Imirce na hEorpa (líonra saineolaithe imirce agus tearmainn an Aontais) i gcáil tíre breathnóra.

4. Comhar maidir le slándáil

Tá an leibhéal comhair agus malartaithe faisnéise le Europol go maith agus méadaíodh é le linn 2023. Tá oifigeach idirchaidrimh ón Macadóin Thuaidh imscartha ag Europol ó 2015. Tá faisnéis á soláthar ag údarais forfheidhmithe dlí na Macadóine Thuaidh maidir le hairm a urghabhadh agus daoine atá faoi dhrochamhras a gabhadh, agus tá aiseolas á sholáthar acu nuair a iarrtar sin orthu i ngníomhaíochtaí oibríochtúla. Tá páirt á glacadh freisin ag an Macadóin Thuaidh in EMPACT.

Le linn 2023, tháinig méadú suntasach ar an malartú tráthrialta faisnéise idir limistéir choiriúla idir an Mhacadóin Thuaidh agus Europol i gcomparáid le 2022. Tháinig méadú freisin ar an malartú faisnéise trí SIENA agus CT SIENA (méadú 38 % ar an gceann deireanach i gcomparáid le 2022). Lean an Mhacadóin Thuaidh de bheith rannpháirteach i dtionscadail anailíseacha Europol a seoladh sna blianta roimhe sin agus chuaigh sí isteach i dtrí thionscadal eile idir 2023 agus 2024.

Sa tréimhse reatha, d’fhreastail oifigeach idirchaidrimh na Macadóine Thuaidh a sannadh do Europol go gníomhach ar chruinnithe seachtainiúla a bhain leis an gcomhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta.

Lean an Mhacadóin Thuaidh dá comhar le EUDA i gcomhthéacs thionscadal IPA8.

5. Scéimeanna saoránachta d’infheisteoirí

Leis an Dlí maidir le Saoránacht na Macadóine Thuaidh déantar foráil maidir le saoránacht a fháil gan aon cheanglas cónaithe roimhe sin le haghaidh daoine a bhfuil ‘leas eacnamaíoch speisialta’ ag baint leo le haghaidh na tíre. Ní dhearnadh aon leasú ar an dlí sin in 2023 ná in 2024. In 2023, ní dhearnadh aon chinneadh maidir le hiarratais ar shaoránacht a bhfuil leas eacnamaíoch ar leith ag baint léi, agus cuireadh cúig iarraidh isteach agus tá measúnú á dhéanamh orthu go fóill. Athdhearbhaíonn an Coimisiún nach é ba cheart teacht as cur chun feidhme an dlí sin deonú córasach saoránachta i gcomaoin infheistíochta, ós rud é gur féidir go n-úsáidfear é chun dul timpeall ar nós imeachta an

Aontais maidir le víosaí gearrfhanachta agus ar an measúnú domhain ar rioscaí imirce agus slándála aonair a bhaineann leis, agus is féidir dá bhrí sin tionchar a bheith aige ar an gcóras taistil gan víosa.

6. Moltaí

Tá gníomhaíocht déanta ag an Macadóin Thuaidh chun aghaidh a thabhairt ar fhormhór na moltaí a rinne an Coimisiún roimhe sin. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh dul chun cinn, agus is gá aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna seo a leanas:

- a) Ailíniú iomlán bheartas víosaí na Macadóine Thuaidh le liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas víosa a chur i gcrích. Go dtí go ndéanfar ailíniú iomlán, ba cheart scagadh níos déine a thabhairt isteach ar náisiúnaigh tríú tír atá ag teacht isteach gan víosa trí thionscnaimh oibríochtúla agus/nó riaracháin (e.g. ag pointí trasnaithe teorann) nó trí reachtaíocht náisiúnta mar bheart sealadach íosta a bhfuil coinne leis ón Macadóin Thuaidh.
- b) A áirithiú go ndéileálfar le hiarratais ar shaoránacht faoin dlí maidir le ‘leas eacnamaíoch speisialta’ le grinnfhiosrúchán cúlra críochnúil ar iarratasóirí agus staonadh ó éadail chórasach saoránachta a chumasú ar mhaithe le leas eacnamaíoch speisialta.

AN tSEIRBIA

1. Ailíniú an bheartais víosaí

Tá córas taistil gan víosa ag an tSeirbia le 16 thír atá ar liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas víosa: an Airméin, an Asarbaiseáin, Bairéin, an Bhealarúis, an Chasacstáin, Catar, an Chirgeastáin, Cuáit, Iamáice, an Indinéis, an Mhongóil, Óman, an Rúis, an tSín, Suranam agus an Tuirc.

Mar iarracht chun a beartas víosaí a ailíniú níos fearr le beartas víosaí an Aontais, idir mí Dheireadh Fómhair 2022 agus mí Aibreáin 2023, chinn an tSeirbia córas iomlán víosaí a thabhairt isteach do shaoránaigh na Bolaive, na Burúine, Ghuine Bissau, Chúba, na hIndia agus na Túinéise.


I mí na Samhna 2023, ghlac an tSeirbia ‘plean chun an córas víosaí a chomhchuibhiú le beartas víosaí an Aontais’ lena sonraítear go ndéanfar ailíniú le tíortha lena mbaineann ceanglas víosaí san Aontas 1 bhliain amháin nó 6 mhí roimh aontachas na Seirbia leis an Aontas. Mar sin féin, ós rud é nach bhfuil an beartas víosaí ailínithe cuirtear le riosca méadaithe imirce neamhrialta chuig an Aontas ar bhealach na mBalcán Thiar, tá coinne ag an gCoimisiún le dul chun cinn níos tapúla ón tSeirbia maidir le hailíniú an bheartais víosaí. Mar chuid dá Clár Oibre don Athchóiriú faoin bPlean Fáis, thug an tSeirbia gealltanais tuilleadh ailínithe a dhéanamh le liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas víosa. Go dtí go ndéanfar ailíniú iomlán, meastar gur beart sealadach íosta ón tSeirbia é scagadh níos déine a dhéanamh ar náisiúnaigh tríú tír atá ag teacht isteach gan víosa, go háirithe iad siúd ó thíortha lena mbaineann rioscaí slándála nó imirce neamhrialta.

2. Faireachán ar threochtaí san imirce neamhrialta, iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, filleadh agus athligean isteach

In 2023, chuir náisiúnaigh de chuid na Seirbia sna Ballstáit 4 690 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta isteach, méadú 9.5 % i gcomparáid le 2022 (4 280), rud a choinníonn an treocht ar bun ó bhlianta roimhe sin. Tháinig laghdú ar an ráta aitheantais ó 5 % in 2022 go 2 % in 2023.

Tháinig laghdú 34 % ar thrasnuithe neamhrialta theorainneacha seachtracha an Aontais ag náisiúnaigh de chuid na Seirbia; 32 in 2022 le hais 21 in 2023. Lean an líon náisiúnach de chuid na Seirbia ar cinneadh go raibh siad ag fanacht go neamhrialta sna Ballstáit an treocht anuas agus 13 025 duine ann in 2023 i gcomparáid le 13 625 duine in 2022 (laghdú 4 %). In 2023, bhí an treocht chéanna ann maidir leis an líon náisiúnach de chuid na Seirbia ar diúltaíodh cead isteach dóibh agus tháinig laghdú 13 % air (6 550 in 2022 in aghaidh 5 675 in 2023).

Tháinig méadú 4 % ar an líon cinntí um fhilleadh a eisíodh do náisiúnaigh de chuid na Seirbia (5 835 in 2023 i gcomparáid le 5 630 in 2022). Ar an gcaoi chéanna, tháinig méadú 5 % ar an líon daoine a filleadh (3 505 in 2023 i gcomparáid le 3 245 in 2022) agus tháinig méadú ar an ráta fillte ó 58 % in 2022 go 60 % in 2023.



Foinse: Eurostat

3. Comhar maidir le himirce, bainistiú teorainneacha agus athligeran isteach

Lean an tSeirbia de pháirt dhearfach a ghlacadh i gcur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis na Balcáin Thiar. In 2023, lean an tSeirbia de straitéis nua um bainistiú comhtháite teorainneacha a chur chun feidhme don tréimhse 2022-2027 agus de phlean gníomhaíochta a chur chun feidhme do 2022-2024. Bhí éifeacht dhíspreagthach leathan ar fud an réigiúin ag iarrachtaí na Seirbia a teorainneacha a dhaingniú agus dul i ngleic le smuigléirí imirceach trí oibríochtaí speisialta póilíneachta ó mhí Dheireadh Fómhair 2023, rud a mhaolaíonn an brú faoi láthair agus a imríonn tionchar ar bhealaí imirce. Chonacthas athrú i dtreo chonair na Boisia agus na Heirseagaivéine-na Cróite, go príomha mar gheall ar na deacrachtaí a bhaineann le hidirthuras na Seirbia agus mar gheall ar oibríochtaí na smuigléirí a chur in oiriúint de réir a chéile don scéal faoi mar atá ar an talamh.

Lean an tSeirbia den chomhar le Frontex maidir le bainistiú imirce agus teorainneacha bunaithe ar Shocrú Oibre agus ar Chomhaontú Stádais; leis an dara ceann, ceadaítear oifigigh de bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a mbeidh cumhachtaí feidhmiúcháin acu a imscaradh trí oibríochtaí comhpháirteacha. An 25 Meitheamh 2024 síníodh Comhaontú Stádais nua. Tá Oifigeach Idirchaidrimh Frontex lonnaithe i mBéalgrád agus sainordú réigiúnach aige lena gcuimhdeáir an tSeirbia, an Bhoisia agus an Heirseagaivéin agus Montainéagró. Lean Frontex agus Ballstáit rannpháirteacha an Aontais d'oifigigh an Bhuanchóir a imscaradh chuig codanna de theorainn talún na Seirbia leis an mBulgáir agus leis an Ungáir.

Lean an tSeirbia dá comhar le EUAA. Cuireadh síneadh leis an 'Treochlár' ábhartha don bhliain 2023, mar bhonn don chomhar le EUAA. Forbraíodh an tríú Treochlár le haghaidh comhair don tréimhse 2024-2026 agus tá a fhormhuiniú deiridh ar feitheamh.

I mí an Mhárta 2023, chuaigh an tSeirbia isteach i nGréasán Imirce na hEorpa (líonra saineolaithe imirce agus tearmainn an Aontais) i gcáil tíre breathnóra.

Lean an tSeirbia den chomhar le Ballstáit an Aontais maidir le bainistiú imirce agus teorainneacha ar bhonn comhaontuithe déthaobhacha/iltaobhacha. Áirítear ar na samplaí den chomhar trealamh/cúnamh teicniúil, malartú faisnéise/staitisticí (lena n-áirítear tuarascálacha maidir le doiciméid ghóchumtha agus coireacht thrasteorann), anailís riosca, patróil chomhpháirteacha teorann (1 342 patról den sórt sin leis an mBulgáir, an Chróit, an Ungáir agus an Rómáin), cúrsaí oiliúna, etc. In 2023, seoladh an Tionscnamh Tríthaobhach idir an tSeirbia-an Ostair-an Ungáir (bunaithe ar chomhaontú ó mhí na Samhna 2022), chun na rialuithe ag teorainn na Seirbia leis an Mhacadóin Thuaidh a atreisiú trí thascfhórsa coiteann a chruthú ina gcuimsítear pearsanra ón Ostair, ón Ungáir agus ón tSeirbia, agus

tríd an trealamh a sholáthair na trí thír a thiomsú le chéile.

Maidir le hathligeran isteach, thuairiscigh Frontex agus Ballstáit an Aontais dea-chomhar foriomlán leis an tSeirbia. Mar sin féin, maidir le náisiúnaigh tríú tír a chur ar ais (na saoránaigh is líonmhaire lena mbaineann san Afganastáin, i Maracó agus sa tSiria), níor ghlac údaráis na Seirbia ach le leath de na hiarrataí a chuir Ballstáit an Aontais isteach (1 090 as 2 198).

4. Comhar maidir le slándáil

Lean an tSeirbia dá dlúthchomhar le Europol, go háirithe i réimsí na mórchoireanna, na coireachta eagraithe agus an chomhraic in aghaidh na sceimhlitheoireachta. Coinníonn an tSeirbia Oifigeach Idirchaidrimh ar bun i gceanncheathrú Europol. Bhí dianchomhar oibríochtúil le Ballstáit an Aontais arna chomhordú ag Europol, lena n-áirítear trí Fhoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú agus trí thascfhórsaí ilnáisiúnta tiomnaithe, e.g. Tascfhórsa Oibríochtúil RAPAX, atá tiomnaithe don chomhrac in aghaidh na gáinneála ar dhaoine chun teacht i dtír gnéasach a dhéanamh idir an Eoraip agus Meiriceá Laidineach.

Lean an tSeirbia dá rannpháirtíocht in EMPACT. Cuid thábhachtach den chomhar le Europol is ea malartú tráthrialta faisnéise trí SIENA. Lean póilíní na Seirbia d'fhaisnéis a chur ar fáil do bhunachair sonraí Europol agus do Thionscadail Anailiseacha; tháinig méadú 10 % ar an méid a rinne an tSeirbia in 2023 i gcomparáid le 2022.

Bhí dlúthchomhar ag an tSeirbia le CEPOL in 2023, trí oiliúint agus trí mhalartuithe foirne araon, agus béim á leagan ar chibearchoireacht, criptea-airgeadraí, bréagnuacht/bréagaisnéis agus scileanna digiteacha do phearsanra na bpóilíní.

Lean Eurojust agus an tSeirbia dá ndlúthchomhar in ábhair choiriúla, go háirithe trí Ionchúisitheoir Idirchaidrimh na Seirbia. Ghlac an tSeirbia páirt freisin i bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú le tacaíocht ó Eurojust.

Lean an tSeirbia den dlúthchomhar slándála le Interpol. Bhí dlúthchomhar ann le Ballstáit chomharsanachta an Aontais, go háirithe an Chróit agus an Rómáin, maidir le coireanna tromchúiseacha i limistéir teorann, lena n-áirítear smuigleáil imirceach agus smuigleáil drugaí, arm agus armlóin.


Lean an tSeirbia dá comhar le EUDA bunaithe ar shocrú oibre 2020 agus i gcomhthéacs thionscadal IPA8 freisin.

5. Moltaí

Tá gníomhaíocht déanta ag an tSeirbia chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí a rinne an Coimisiún roimhe seo. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh dul chun cinn, agus is gá aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo a leanas:

- a) Beartas víosaí na Seirbia a ailíniú le liosta an Aontais de na tíortha lena mbaineann ceanglas víosa. Go dtí go ndéanfar ailíniú iomlán, ba cheart scagadh níos déine ar náisiúnaigh tríú tír atá ag teacht isteach gan víosa, go háirithe iad siúd ó thíortha a bhfuil rioscaí slándála nó imirce neamhrialta ag baint leo, a thabhairt isteach trí thionscnaimh oibríochtúla agus/nó riaracháin (e.g. ag pointí trasnaithe teorann) mar bheart sealadach íosta a bhfuil coinne leis ón tSeirbia.
- b) Clásal an náisiúnaigh tríú tír den chomhaontú um athligeran isteach idir an tAontas agus an tSeirbia a chur chun feidhme go hiomlán.

II. MUIR CHAIRIB THOIR



Ó bhí 2020 ann, tá an Coimisiún ag plé leis na cúig thír shaor ó víosa i Muir Chairib Thoir **oibríonn scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí (Antigua agus Barbúda, Doiminice, Greanáda, San Críostóir-Nimheas, agus Saint Lucia)** chun faisnéis agus sonraí ábhartha a fháil maidir leis na scéimeanna sin.

Tá scéimeanna saoránachta éagsúla d'infheisteoirí i bhfeidhm ag gach ceann de na cúig thír, arb é atá iontu den chuid is mó ranníocaíochtaí díreacha le buiséad an Stáit nó infheistíochtaí i dtionscadail mhóra bhonneagair, fhóntais nó réadmhaoine. Is gnách go mbíonn an chéad rogha níos saoire, cé go mbíonn an rogha eastáit réadaigh níos costasaí de ghnáth. Tá an próiseas chun iarratas a dhéanamh ar shaoránacht agus an scagadh díchill chuí agus slándála a úsáidtear cosúil lena chéile ar fud na gcúig thír, agus tá cúig phríomhchéim ann:

- 1) tá muinín ag gníomhairí margaíochta ceadúnaithe infheisteoirí leasmhara a aimsiú i dtríú tíortha.
- 2) déanann infheisteoirí leasmhara a n-iarratais a chomhdú trí ghníomhairí áitiúla údaraithe, a chuireann na hiarratais agus na doiciméid tacaíochta faoi bhráid an aonaid Saoránachta trí infheistíocht (CBI).
- 3) déantar próiseas grinnfhiosrúcháin trí shraith ar thionscnamh na gcistí (arna dhéanamh ag na bainc), ar chéannacht, ar shlándáil agus ar phróifíl chlú na n-iarratasóirí (arna dhéanamh ag gnólachtaí díchill chuí idirnáisiúnta) agus ar na rioscaí slándála agus inimirce (arna dhéanamh ag Airmheán Comhpháirteach Cumarsáide Réigiúnach CARICOM um Choireacht agus Slándáil - JRCC).
- 4) bunaithe ar na seiceálacha thuasluaite, déanann aonad CBI an t-iarratas a fhormheas nó a dhiúltú.
- 5) maidir le hiarratais fhormheasta, is é an tAire inniúil a dhéanfaidh an cinneadh críochnaitheach maidir le saoránacht a dheonú.

Mar a cuireadh i láthair sa Séú tuarascáil maidir leis an sásra fionraíochta víosaí i mí Dheireadh Fómhair 2023, tá roinnt gnéithe ag eascairt as measúnú an Choimisiúin, ina dtugtar le fios go bhféadfadh sé nach mbeadh nósanna imeachta scagtha agus grinnfhiosrúcháin na gcúig thír críochnúil go leor chun a áirithiú go ndiúltófaí iarratais ó dhaoine aonair a d'fhéadfadh a bheith ina riosca slándála

féideartha don Aontas nuair a gheobhaidh siad saoránacht na dtíortha sin agus, dá bhrí sin, rochtain gan víosa ar an Aontas.

Níl cónaí ná láithreachtaí fhisiciúil sa tír de dhíth ar aon cheann de na cúig thír sula ndeonaítear saoránacht^{*****}. Tugann sé sin le tuiscint nach bhfuil bithmhéadracht na n-iarratasóirí rathúla cláraithe. Chomh maith leis sin, go pointí éagsúla, tugann na cúig thír go léir deis d'iarratasóirí rathúla a n-ainm a athrú tar éis saoránacht a fháil trí infheistíocht. In Antigua agus Barbúda agus Doiminice, ceadaítear é ó 5 bliana tar éis saoránacht a fháil; i nGrianáda i ndiaidh 1 bhliain amháin. Coinnítear an seanainm sa phas, áfach, faoin gceannnteideal ‘barúlacha’.

Ó foilsíodh an séú tuarascáil, i gcás scéimeanna gach tíre, **tá méadú leanúnach tagtha ar an líon iarratasóirí rathúla, cé go bhfuil an líon diúltuithe fós réasúnta íseal**, d’ainneoin roinnt treochtaí méadaitheacha do roinnt tíortha. Áirítear sa tábla thíos na sonraí a chuir na cúig thír ar fáil don Choimisiún^{††††††††}.

	Antigua agus Barbúda	Doiminice	Grianáda	San Críostóir-Nimheas	Saint Lucia
An líon iomlán iarratas a fuarthas	3 719 (2014-2022) 685 (2023) 739 (2024 go dtí 30/6)	13 161 (2015-2022) 4 068 in 2023 2 981 in 2024 (go dtí 30/6)	3 151 (2014-2022) 1 251 (2022) 2 297 (2023) 138 (2024 go dtí 31/07)	17 668 (2015-2022) 1 987 (2023) 98 (2024 go dtí 30/6)	2 013 (2015-2022) 4 076 (2023) 1 226 (2024 go dtí 30/4)
Diúltuithe	157 (2014-2022) 24 (2023) 23 (2024)	420 (2019-2022) 210 (2023) 180 (2023)	204 (2015-2022) 59 (2023) 34 (2024)	532 (2015-2022) 207 (2023) 4 (2024)	70 (2015-2022) 28 (2023) 81 (2024)
An líon iomlán pasanna a eisíodh	7 205 (2014-2022) 1 191 (2023) 198 (2024 go dtí 30/6)	34 596 (2018-2022, <i>sonraí 2022 á bhfíorú</i>) 9 539 (2023) 5 484 (2024 go dtí 30/6)	6 479 (2014-2022) 2023-2024: N/B	35 577 (2015-2022) 2023-2024: N/B	N/B

Na hiarratasóirí sin ar éirigh leo, is **náisiúnaigh iad den chuid is mó a mbeadh víosa ag teastáil uathu chun teacht isteach san Aontas murach sin**. I measc phríomhnáisiúntachtaí na n-iarratasóirí ar éirigh leo in 2023-2024, de réir na faisnéise a fuarthas, tá an Iaráin (1 918), an tSín (1 099), an tSiria

***** Thug Antigua agus Barbúda oibleagáid isteach chun cuairt a thabhairt ar an tír laistigh de 3 bliana tar éis don tsaoránacht a bheith deonaithe agus tá tíortha eile ag machnamh ar oibleagáid den chineál céanna a thabhairt isteach.

†††††††† Níl an tacar sonraí iomlán agus tá roinnt neamhréireachtaí ann. Is minic a bhíonn an líon iomlán iarratas níos ísle ná an líon iomlán pasanna a eisítear toisc gur féidir le hiarratais níos mó ná duine amháin a chlúdach (e.g., iarratas rathúil do theaghlach ina bhfuil ceathrar, comhairtear é mar aon iarratas amháin, ach eisítear ceithre phas).

(747), an Iaráic (425), an Nigéir (308) agus an Liobáin (149), i measc tíortha eile.***** Tar éis fhogha na Rúise in aghaidh na hÚcráine, chuir gach ceann de na cúig tír sin an scrúdú ar iarratais ó náisiúnaigh de chuid na Rúise agus na Bealarúise ar fionraí. Mar sin féin, in 2023 bhí líon suntasach iarratas fós ag Greanáda (thart ar 2 300) ó náisiúnaigh Rúiseacha a próiseáladh in 2024.*****

Tar éis fhoilsiú an séú tuarascáil, **lean an Coimisiún den rannpháirtíocht leis na cúig tír, ar an leibhéal polaitiúil agus ar an leibhéal teicniúil araon.** An 12 Eanáir 2024, thionóil an Coimisiún cruinniú ardleibhéil le Príomh-Airí na gcúig tír, agus ina dhiaidh sin bhí misean teicniúil aimsithe fionraí de chuid sheirbhísí an Choimisiúin chuig an réigiún i mí Eanáir 2024 agus malartuithe faisnéise i scríbhinn.

Deimhníodh leis an misean agus leis an bhfaisnéis nuashonraithe a fuarthas formhór na bpríomhábhar inní a cuireadh i láthair sa séú tuarascáil, i.e., **nach féidir leis na scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí a bheith i mbaol nialasach ó thaobh na slándála** de, chomh maith le tábhacht eacnamaíoch agus pholaitiúil na scéimeanna sin do na cúig tír.

An tráth céanna, le roinnt míonna anuas léirigh gach ceann de na cúig tír feasacht mhéadaithe ar an ngá atá lena gcórais díchill chuí agus scagtha slándála a neartú, agus oscailteacht d'fheabhsuithe suntasacha le tacaíocht óna gcomhpháirtithe idirnáisiúnta. Go háirithe, sna chéad mhíonna de 2024, shínigh na cúig tír **Meabhrán Tuisceana lena gcuirtear creat comhair ar fáil chun slándáil a scéimeanna a neartú.** I gcomhréir leis an meabhrán, chinn na cúig tír an íostáille infheistíochta a chomhchuíbhiú go 200 000 USD. I gcás Antigua agus Barbúda, Doiminice, Greanáda agus Saint Lucia ba mhéadú 100 % é sin (ó thairseach 100 000 USD roimhe sin). Áiríodh sa mheabhrán freisin gealltanais faisnéis faoi iarratasóirí a roinnt, bearta trédhearcachta feabhsaithe a chur chun feidhme, údarás rialála réigiúnach a bhunú, a gcreataí um scagadh slándála a neartú, agus caighdeán choiteanna a bhunú maidir le gníomhairí, scéimeanna a mhargú agus a chur chun cinn.

Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair i ndlúthchomhar leis na cúig tír i Muir Chairib Thoir agus déanfaidh sé measúnú ar chur chun feidhme na n-athchóirithe thuasluaite, faoi chreat dlíthiúil reatha Airteagal 8(2)(d) den Rialachán Víosáil lena bhforáiltear do ghníomhachtú an tsásra fionraíochta víosaí i gcásanna ina mbeidh riosca méadaithe nó garbhagairt ann do bheartas poiblí nó do shlándáil inmheánach na mBallstát. A luaithe a ghlacfar an sásra athbhreithnithe fionraíochta víosaí, déanfaidh an Coimisiún a mheasúnú a oiriúnú ar bhonn na rialacha nua. In imthosca ar bith, leanfar d'aird chuí a thabhairt i measúnú an Choimisiúin ar an gcaidreamh foriomlán idir an tAontas agus na tríú tíortha lena mbaineann chomh maith leis an gcomhthéacs polaitiúil foriomlán.

***** Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil na figiúirí in aghaidh an tríú tír dá bhforáiltear sa mhír seo bunaithe ar shonraí arna gcur isteach ag tíortha Oirthear Mhuir Chairib maidir leis na cúig náisiúntacht is fearr i dtéarmaí iarratais rathúla. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh na figiúirí iarrbhí in aghaidh an tríú tír beagán níos airde ná na figiúirí a sholáthraítear bunaithe ar an gcleachtadh bailithe sonraí sin (i.e., d'fhéadfadh sé nár shroich cuid de na náisiúntachtaí sin na 'cúig cinn is airde' i dtír amháin nó níos mó in Oirthear Mhuir Chairib). Níor phróiseáil ach an Doiminice amháin na hiarratais uile a fuarthas ó náisiúnaigh na hIaráine a thuairiscítear anseo.

***** Chuir Greanáda in iúl don Choimisiún go raibh 87 n-iarratas ón Rúis fós le hathbhreithniú ón 16 Meán Fómhair 2024.

III. MEIRICEÁ LAIDINEACH



Sa Teachtaireacht maidir le Víosáí ó mhí na Bealtaine 2023,^{*****} ceann de na príomhdhúshláin a cuireadh i dtábhacht an méadú atá ag teacht ar an líon iarratas **ar thearmann arna gcur isteach ag náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa**. Is minic a bhíonn **ráta íseal aitheantais** ag baint le hiarratais ar thearmann ó náisiúnaigh tíortha atá díolmhaithe ó cheanglas víosa agus, dá bhrí sin, cruthaíonn siad ualach suntasach ar chórais tearmainn na mBallstát: chuir náisiúnaigh tríú tír isteach thart ar 20 % (níos mó ná 1.2 milliún) de na hiarratais ar thearmann a cuireadh isteach san Aontas idir 2015 agus 2023 agus iad ag taisteal gan víosa chuig an Aontas. Tá sé sin ag tarlú tráth a bhfuil acmhainneacht ghlactha roinnt Ballstát ag a teorainn i bhfianaise na staid il-ghéarchéime ó thaobh na geopholaitíochta de, agus go háirithe an gá atá leis an líon ard daoine a bhfuil cosaint shealadach acu agus a fuair tearmann san Aontas a chomhtháthú mar gheall ar chogadh foghach leanúnach na Rúise ar an Úcráin agus ar theacht isteach leanúnach imirceach neamhrialta ó áiteanna eile ar domhan.

Chomh maith leis na tíortha i gcomharsanacht an Aontais a chumhdaítear go tráthrialta le tuarascálacha maidir leis an sásra fionraíochta víosaí, le blianta beaga anuas tá treocht mhéadaitheach os comhair roinnt Ballstát den Aontas maidir le hiarratasóirí ar thearmann ó na tíortha atá díolmhaithe ó cheanglas víosa i Meiriceá Laidineach, mar a léirítear sna táblaí thíos. Idir 2015 agus an chéad ráithe de 2024, tháinig méadú suntasach ar iarratais ar thearmann arna gcur isteach ag náisiúnaigh thíortha saor ó víosa i réigiún Mheiriceá Laidinigh, rud a fhágann gurb ionann iad agus **leath de líon iomlán na n-iarratas**

^{*****} Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an bhfaireachán ar chórais saor ó víosa an Aontais, COM/2023/297 final.

ar thearmann ó náisiúnaigh tríú tír a bhíonn ag taisteal gan víosa (thart ar 600 000 as thart ar 1.2 milliún).

Tábla 1— Iarratais chéaduaire ar thearmann 2015- Eanáir-Iúil 2024 — Foinse: Eurostat

Tír	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	Eanáir-Iúil 2024
Cósta Ríce	10	5	15	20	60	40	20	80	115	120
an tSalvadóir	555	1765	2965	5040	9070	4230	1830	3580	2880	1540
Guatamala	20	40	85	230	620	500	265	440	545	260
Hondúras	220	475	1325	2770	7245	5670	2360	3260	4030	1580
Meicsiceo	75	50	80	125	200	160	135	260	335	195
Nicaragua	45	65	165	1890	6530	3900	1365	2780	3235	1545
Panama	5	5	10	15	55	50	60	125	170	85
an Airgintín	15	20	35	100	340	450	325	810	1475	985
an Bhrasaíl	90	205	290	670	1605	1650	795	1555	1775	1245
an tSile	35	50	50	105	225	300	195	370	600	385
an Cholóim	270	1050	3935	10045	31850	29055	13140	42420	62015	31845
Paragua	15	15	30	80	375	370	250	740	1085	735
Peiriú	145	150	550	1515	6810	6140	3055	12685	23035	16135
Uragua	0	10	20	30	110	170	140	110	200	110
Veiniséala	775	4690	12985	22195	44770	30325	17380	50050	67085	41740
IOMLÁN	2275	8595	22540	44830	109865	83010	41315	119265	168580	98505


Tír	Bliain	Diúltuithe dul isteach	Fanachtaí neamhrialta	Iarratais chéaduaire ar thearmann	Ráta aitheantais ^{††††††††}
an Airgintín	2022	350	1 110	810	2 %
	2023	335	1 285	1 475	4 %
an Bhrasaíl	2022	2 825	4 565	1 555	8 %
	2023	2 380	4 990	1 775	9 %
an tSile	2022	180	620	370	5 %
	2023	210	700	600	4 %
an Cholóim	2022	3 600	9 800	42 420	6 %
	2023	3 655	14 260	62 015	6 %
Cósta Ríce	2022	20	75	80	0 %
	2023	20	85	115	11 %
an tSalvadóir	2022	165	650	3 580	31 %
	2023	130	720	2 880	31 %
Guatamala	2022	115	285	440	17 %
	2023	105	260	545	32 %
Hondúras	2022	515	2 405	3 260	17 %
	2023	475	2490	4 030	23 %
Meicsiceo	2022	190	695	260	12 %
	2023	235	730	335	18 %
Nicearagua	2022	425	1 325	2 780	25 %
	2023	370	1080	3 235	52 %
Panama	2022	25	35	125	14 %
	2023	25	40	170	6 %
Paragua	2022	725	1 265	740	5 %
	2023	460	1 800	1 085	3 %
Peiriú	2022	1 155	3 650	12 685	5 %
	2023	990	4 755	23 035	5 %
Uragua	2022	30	190	110	3 %
	2023	25	220	200	5 %
Veiniséala	2022	250	2 000	50 050	4 %
	2023	405	2 175	67 085	3 % ^{††††††††}
IOMLÁN/MEÁN (%)	2022	10 555	28 670	119 265	10 %
	2023	9 835	35 590	168 580	14 %

†††††††† Áirítear sa ráta aitheantais cineálacha cosanta atá rialáilte ag an Aontas (stádas dídeanaí agus cosaint choimhdeach) agus eisiatar foirmeacha cosanta náisiúnta (cúiseanna daonnúla). Ríomhtar é trí líon na gcinntí céadchéime dearfacha (stádas dídeanaí nó cosaint choimhdeach a dheonú) a roinnt ar líon iomlán na gcinntí a eisítear.

†††††††† In 2023, mar thoradh ar 91 % de na cinntí céadchéime, bronnadh stádais dhaonnúla náisiúnta ar iarratasóirí Veiniséala, (72 % in 2022).

In 2023, chuir náisiúnaigh na gcúig thír déag lena mbaineann **168 580 iarratas** isteach, i gcomparáid le 119 265 iarratas in 2022. Is ionann sin **agus méadú os cionn 40 % in 1 bhliain amháin**.

Cé go bhfuil iarratais ar thearmann ó náisiúnaigh de na cúig thír déag go léir sa réigiún a bhfuil tarscaoileadh víosa acu, is i Veiniséala, sa Cholóim agus i bPeiriú atá an líon is airde agus na treochtaí méadaitheacha, agus Hondúras, Nicearagua agus an tSalvadóir ina dhiaidh sin. Tá líon níos ísle tíortha eile ann agus treochtaí méadaitheacha nach bhfuil chomh suntasach céanna, agus dá bhrí sin níl ábhair inní shonracha ann faoi láthair



Foinse: Eurostat

Maidir le **Veiniséala**, tá méadú leanúnach ag teacht ar an líon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ó náisiúnaigh Veiniséala sna Ballstáit le 3 bliana anuas, agus méadú seasta níos mó ná 50 000 iarratas á ndéanamh air in aghaidh na bliana. Rinneadh 69 540 iarratas in 2023 in aghaidh 52 075 iarratas in 2022. Aithníonn an Coimisiún go bhfuil nasc idir na treochtaí sin agus staid reatha pholaitiúil agus eacnamaíoch Veiniséala agus meabhraíonn sé tiomantas an Aontais tacú, in éineacht lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta, le réiteach síochánta, daonlathach agus cuimsitheach faoi stiúir Veiniséala chun deireadh a chur leis an ngéarchéim sa tír.

A mhéid a bhaineann leis **an gColóim**, in 2023 thaisc náisiúnaigh na Colóime 63 310 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta sna Ballstáit, méadú 46 % i gcomparáid le 2022 (43 370). Aithníonn an Coimisiún go bhfuil na treochtaí sin nasctha freisin leis an bhfíric go bhfuil beagnach 3 mhilliún dídeanaí agus imirceach ó Veiniséala á n-óstáil ag an gColóim. Mar a luaitear sa Teachtaireacht Chomhpháirteach, leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don Cholóim agus don réigiún agus aghaidh á tabhairt acu ar an ngéarchéim imirce seo.

Maidir le **Peiriú**, tháinig méadú mór 81 % ar an líon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a taisceadh sna Ballstáit idir 2022 agus 2023, agus cuireadh 23 280 iarratas isteach in 2023 i gcomparáid le 12 880

~~~~~ Cé go bhfuil cuid de na huimhreacha is airde sa réigiún ag an mBrasaíl ó thaobh teacht isteach agus fanacht neamhrialta a dhiúltú, ba cheart é sin a mheas i gcomhréir lena daonra níos mó.



iarratas in 2022.

A mhéid a bhaineann le **Hondúras**, rinneadh 4 065 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta sna Ballstáit in 2023, i gcomparáid le 3 335 in 2022, arb ionann é agus méadú 18 %.

A mhéid a bhaineann le **Nicearagua**, rinneadh 3 340 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta sna Ballstáit in 2023, i gcomparáid le 2 855 in 2022, arb ionann é agus méadú 15 %.

A mhéid a bhaineann leis **an tSalvadóir**, rinneadh 3060 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta sna Ballstáit in 2023, i gcomparáid le 3770 in 2022, arb ionann é sin agus laghdú 19 %.

Chun inbhuanaitheacht an díolúine víosa a áirithiú, ba cheart taisteal gan víosa a úsáid le haghaidh gearrfhanachtaí agus lena n-aghaidh sin amháin. Rachaidh seirbhísí an Choimisiúin, i gcomhar le SEGS, i mbun idirphlé leis na tíortha is mó lena mbaineann sa réigiún chun faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú, chun tacú le hiarrachtaí na n-údarás rialuithe teorann iomchuí a chur chun feidhme maidir le himeacht, feachtais ardaithe feasachta maidir le cearta agus oibleagáidí faoi na córais taistil gan víosa, agus gníomhaíochtaí iomchuí eile chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leis an líon ard iarratas ar thearmann. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme na mbeart thuasluaite agus ar an tionchar ar líon na bhfanachtaí neamhrialta agus na n-iarratas ar thearmann, faoi chreat dlíthiúil reatha Airteagal 8(2)(a) agus (b) den Rialachán Víosáí lena bhforáiltear do ghníomhachtú an tsásra fionraíochta víosaí i gcás méadú suntasach ar imirce neamhrialta nó ar iarratais gan bhunús ar thearmann.

Maidir le tréimhsí fanachta fada, ba cheart don dá pháirtí dlús a chur leis an gcomhar maidir le conairí dlíthiúla agus socruithe soghluaisteachta a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh a chothú, mar a luaitear sa Teachtaireacht Chomhpháirteach Clár Oibre Nua don Chaidreamh idir an tAontas Eorpach agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib.

## CONCLÚID

Tuairiscíonn na Ballstáit dlúthchomhar foriomlán leis na comhpháirtithe uile i gcomharsanacht an Aontais maidir leis an imirce agus leis an tslándáil araon. Ní mór do roinnt de na comhpháirtithe sin leanúint d'aghaidh a thabhairt ar iarratais gan bhunús ar thearmann, agus ba cheart dóibh uile leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le hailíniú an bheartais víosaí, chun cosc a chur ar an riosca go dtiocfadh náisiúnaigh tríú tír isteach ina geríocha gan víosaí agus go leanfadh siad de bheith ag taisteal go neamhrialta i dtreo an Aontais ina dhiaidh sin.

Maidir le comharsanacht an Aontais, is uirlis chumhachtach i gcónaí é an obair leantach ar chur i gcrích an phróisis léirscaoilte víosaí chun tacú le hathchóirithe agus chun borradh a chur faoin gcomhar leis an Aontas maidir le himirce, bainistiú teorainneacha agus slándáil. Measann an Coimisiún go bhfuil beart déanta ag an Albáin, ag an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, ag an Moldóiv, ag Montainéagró, ag an Macadóin Thuaidh, agus ag an tSeirbia chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na moltaí a rinneadh sa Séú Tuarascáil faoin Sásra lena gcuirtear Díolúine Víosaí ar Fionraí. I gcás na hÚcráine agus na Cosaive, a bhfuair a náisiúnaigh an díolúine víosa níos lú ná 7 mbliana ó shin agus a bhfuil gá fós le tuairisciú ar chomhlíonadh na gceanglas léirscaoilte víosaí ina leith, measann an Coimisiún go bhfuil na ceanglais sin á gcomhlíonadh i gcónaí. Mar sin féin, ní mór don dá pháirtí tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí ón gCoimisiún. I gcás na Seoirsia, a bhfuair a náisiúnaigh an díolúine ón gceanglas víosa níos lú ná 7 mbliana ó shin freisin agus a bhfuil gá fós le tuairisciú ar chomhlíonadh na gceanglas léirscaoilte víosaí ina leith, measann an Coimisiún, chun leanúint de na tagarmharcanna léirscaoilte víosaí uile a chomhlíonadh agus chun gníomhachtú féideartha an tsásra fionraíochta a sheachaint, gur gá don tír gníomhaíocht phráinneach bhreise a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí an Choimisiúin, go háirithe i réimse chosaint na gceart bunúsach.

Leanfar de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar an bpróiseas sin, lena n-áirítear trí chruinnithe idir oifigigh shinsearacha, agus trí chruinnithe rialta an fhochoiste um Cheartas, Saoirse agus Slándáil. Faireachán ar shaincheisteanna a bhaineann leis na ceanglais tarscaoilte víosaí, leanfar d'aghaidh a thabhairt air sin freisin sna tuarascálacha bliantúla ón gCoimisiún maidir le méadú.

Leanfaidh an Coimisiún freisin de bheith i dteagmháil leis na tíortha saor ó víosa i Muir Chairib Thoir a oibríonn scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí i bhfianaise aon riosca slándála a d'fhéadfadh a bheith ann don Aontas agus dá Bhallstáit a chosc, agus leis na tíortha i Meiriceá Laidineach lena mbaineann chun cosc a chur ar thaisteal gan víosa a úsáid chun iarratais gan bhunús ar thearmann a thaisceadh.